# AN LIA-BHIÚRÓ UM SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2022

# CLÁR AN ÁBHAIR


Réamhrá an Stiúrthóra ..... 3

Ráiteas Misin ..... 5

Feidhm an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre ..... 6

Gaiscí agus Forbraíochtaí le linn 2022 ..... 9

Samplaí a Fuarthas sa tSaotharlann le haghaidh Anailíse ..... 11

Clár Alcóil: Fuil agus Fual ..... 19

Clár Alcóil: Anáil ..... 22

Clár Tocsaineolaíochta ..... 30

Dearbhú Cáilíochta ..... 40

Clár Tástála Inniúlachta ..... 41

Eolas Airgeadais & Rialú Corparáideach ..... 42

Ráiteas ar Rialú Inmheánach ..... 47

Saoráil Faisnéise ..... 49

Soláthar Foirne ..... 49

Cairt Eagraíochta MBRS ..... 50

Comhdhálacha agus Cúrsaí ar fhreastail an Fhoireann orthu in 2022 ..... 51

Ídiú Fuinnimh ..... 53

Séanadh Dlíthiúil ..... 53

## RÉAMHRÁ AN STIÚRTHÓRA

Leagtar amach i dTuarascáil Bhliantúil 2022 cuntas cuimsitheach ar ghníomhaíocht agus feidhmíocht An Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre don bhliain. Forálann an Tuarascáil seo faisnéis reatha agus tábhachtach, sonraí agus figiúirí léiriúcháin maidir le tiomáint faoi thionchar ábhair mheisciúla. Bhí ról lárnach ag an mBiúró i Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre 2021- 2030 lena ndéantar tagairt ar leith do Gníomhartha 23 agus 119 ar an gClár Comhcheangail Alcóil; le Gníomh 24 ar thástáil mallachair; Gníomh 31 maidir le breithniú ar reachtaíocht do phionóis i leith Cionta Tráchta Ildrugaí; agus Gníomh 163 den chlár um sholáthar agus rolladh amach na nGaireas nua um Réamhthástáil Drugaí. Is ceann de na comhpháirtithe é an Biúró freisin maidir le Gníomhartha eile na Straitéise agus maidir le cur i bhfeidhm iomlán na straitéise trí rannpháirtíocht le Bord Comhpháirtíochta Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre agus an Coiste Aireachta um Sábháilteacht ar Bhóithre.

Cuireann an Biúró seirbhís náisiúnta comhtháite ardchaighdeáin san eolaíocht fhóiréinseach agus sa leigheas ar fáil maidir le brath ábhair mheisciúil agus taighde. Tá ról lárnach aige seo i laghdú líon na mbásanna agus na ngortuithe ar bhóithre na hÉireann a d'ardaigh go tragóideach ó 137 in 2021 go 155 in 2022. Agus dhá oiread iarrachta á dhéanamh chun sprioc "Fí a Náid" a bhaint amach maidir le básanna agus gortuithe ar na bóithre faoi 2050, tá an Biúró ag comhoibriú go leanúnach leis an Roinn Iompair, An Garda Síochána agus an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre chomh maith le comhlachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta eile.

Bhí an phaindéim COVID-19 ina dúshlán mór don Bhiúró in 2020 agus 2021 mar aon le gach duine agus eagraíocht, bhí gá le bearta láidre agus sábháilteachta a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go ndearnadh feidhmeanna riachtanacha an Bhiúró a chur i gcrích go leanúnach ar bhealach sábháilte a ndéanfar an cur isteach is lú ar an obair fhóiréinseach. Léirigh díograis fhoireann an Bhiúró ardchaighdeán a ngairmiúlachta agus chinntigh sé seirbhís gan bhriseadh isteach go 2022 a raibh filleadh ar chineál normáltachta lena linn de bharr éascú na mbeartas paindéime.

Bhí leibhéal ard samplaí a fuarthas le haghaidh anailís an Bhiúró, bhí 5,622 sampla, níos lú ná 2021 ach fós níos airde ná na huimhreacha réamh-Covid in 2019 (4,854). D'ardaigh uimhreacha Tástáil Fhianaiseach Anála ó 3,821 go 3,157 in 2021.

Sa bhliain 2022, bhí éacht mór i gceist le Gníomh 163 de chuid an Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre lena raibh cur i bhfeidhm rathúil, tráthúil agus taobh istigh den bhuiséad aige, le seoladh gléas nua tástála drugaí ar thaobh an bhóthair, an córas réamhthástála drugaí, Securetec® DW6S, a cuireadh i bhfeidhm ar fud na tíre in áit an ghairis Dräger® i mí na Nollag. Tá sé de chumas ar an córas nua caiséid (nach bhfuil neamhchosúil ón modh tástála antaigine COVID a bhfuil taithí againn air) tástáil a dhéanamh do Channabas, do Chócaon, do Bheinsidhé-asaipíní, do Chodlaidínigh, agus do dhá dhruga bhreise, Amfataimín agus Meitiolamfataimín ar thaobh an bhóthair. Méadóidh an córas nua in cumas braite na nGardaí maidir le tiomáint faoi thionchar drugaí.

Ba é alcól an t-ábhar meisciúil ba mhinice a braitheadh i dtiománaithe agus ba é an meánleibhéal alcóil san fhuil ná 160mg/100ml agus 198mg/100ml san fhual nuair a fágadh sampla gan rian alcóil as an áireamh. Is baol suntasach é tiomáint faoi thionchar alcóil ar bhóithre na hÉireann le go leor tiománaithe ag tiomáint agus iad i bhfad thar an teorainn socruithe de 50mg/100ml(fuil) agus 67mg/100ml (fual) le teorainneacha níos ísle de 20mg/100ml agus 27mg/100ml do na tiománaithe faoi leith (foghlaimeoir,tosaitheoir, tiománaí gairmiúil nó tiománaí feithicil trom).

Maidir le drugaí meisciúla seachas an t-alcól, ba iad na trí dhruga ba choitianta a braitheadh in 2022 ná cannabas, cócaon agus beinsidhé-asaipíní. Ba é meánleibhéal cannabais a fuarthas i samplaí 6.2ng/ml agus aigéad THC cannabais 65ng/ml (is iad na teorainneacha dlíthiúla *per se* 1ng/ml agus 5ng/ml faoi seach). Ba é meánleibhéal cócaoin 34.1ng/ml agus beansóileacgainín 604.6ng/ml (is iad na teorainneacha dlíthiúla *per se* 10ng/ml agus 50ng/ml faoi seach). Léiríonn na torthaí seo na leibhéil arda a fuarthas i dtiománaithe faoi thionchar cannabais agus cócaoin atá i bhfad thar teorainneacha dlíthiúla atá socruithe ag an Oireachtas.

Ba ábhar imní fós é toradh minic na meascán de dhrugaí agus de dhrugaí le halcól.

Leagtar amach go mion sa tuarascáil déimeagrafaic na dtiománaithe a sholáthair samplaí le haghaidh anailíse agus cuimsíonn sé miondealú ar shampla de réir contae agus ó thiománaithe chomh maith lasmuigh d'Éirinn. Rinneadh anailís chun measúnú a dhéanamh ar líon na dtiománaithe ar cuireadh samplaí athghabhála chun anailíse a dhéanamh orthu. Sa bhliain 2022, gabhadh 36 tiománaí faoi thrí agus gabhadh 172 tiománaí faoi dhó. Ní mór dul i ngleic go reachtach le ceist athchiontaitheoir agus ciontóirí ardriosca tiomáint faoi thionchar, sa phróiseas ionchúisimh agus in athshlánú leighis freisin. Ní mór é seo a dhéanamh go comhoibríoch leis an mBiúró agus roinnt comhlachtaí eile.

D'fhreastail an Stiúrthóir agus an fhoireann ar chúrsaí agus ar chomhdhálacha in 2022 le meascán de chruinnithe hibrideacha agus filleadh go cruinnithe i láthair go pearsanta de réir a chéile. Lean foireann an Bhiúró ag cur le raon sainchomhlachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta i dtástáil fhóiréinseach eolaíoch le haghaidh tiomáint faoi thionchar ábhair mheisciúla. Bhí ról méadaithe ag an mBiúró, tríd an Stiúrthóir, sa Chomhairle Idirnáisiúnta um Alcól agus Drugaí i Sábháilteacht ar Bhóithre (ICADTS) agus rinneadh dhá cur i láthair ag Comhdháil ICADTS T2022. Mar aon leis sin, lean an Biúró ar aghaidh lena rannpháirtíocht ghníomhach leis an Oifig Náisiúnta um Leigheas Tráchta agus Coláiste Ríoga Leá na hÉireann maidir le treoracha leighis feidhmiúlacht chun tiomána, in ainneoin gur cuireadh deireadh le hoibríocht na hoifige seo in 2022, agus ar phainéil chomhairle leighis ar mí-úsáid alcóil, drugaí agus substaintí agus tiomáint de chuid Roinn Iompair an RA.

Mar sin ba bhliain ghnóthach agus tháirgiúil arís í 2022 don Bhiúró agus atá ag súil arís lena pháirt leanúnach a dhéanamh chun sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú agus chun tacú do gach úsáideoir bóithre in Éirinn ag dul isteach go 2023.

**An tOllamh Denis A. Cusack**
**Stiúrthóir**

## ***RÁITEAS MISIN:***

***"Chun seirbhís náisiúnta fhóiréinseach ar ardchaighdeán a sholáthar in alcól agus drugaí (ábhar meisciúil) a bhraith mar thacaíocht ag an reachtaíocht um thrácht ar bhóithre agus cuidiú le beartais sábháilteacht iompair agus beartais leighis feidhmiúlacht chun tiomána."***



## FEIDHMEANNA AN LIA-BHIÚRÓ UM SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE

Is ar an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre atá an fhreagracht maidir le tástáil cheimiceach a dhéanamh ar ábhair mheisciúla sa tiomáint in Éirinn, atá mar chomhlacht corparáideach bunaithe ag an Aire Rialtais Áitiúil i mí na Samhna 1968 faoi Chuid V d'Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1968.

Athraíodh teideal an Aire go dtí an tAire Comhshaoil & Rialtais Áitiúil ar an 22 Iúil 1997. I mí an Mheithimh 2002, tháinig an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre faoi sciath chosanta an Aire Iompair faoin Ordú, Riarachán Roinne agus Feidhmeanna Aire a Aistriú, 2002.

Ón mbliain 2011 go dtí mí Mheán Fómhair 2020, tá an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre faoin Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Tá an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre anois faoi chúram na Roinne Iompair.

Tá feidhmeanna an Bhiúró leagtha amach sna hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre 1968 - 2016.



Nuair a bunaíodh an Biúró sa bhliain 1968 thosaigh sé ag feidhmiú le haghaidh Tástáil Alcóil ar Thaobh an Bhóthair, Anailís Alcóil san Fhuil agus san Fhual, Eisiúint Teastas agus soláthar trealaimh le samplaí a thógáil (fearais).

Tá neart athruithe reachtaíochta tarlaithe mar shampla, an tástáil fhianaiseach alcóil san anáil (EBT) agus an tiomáint faoi thionchar drugaí (DUID), samplaí curtha ar fáil in ospidéil, samplaí tógtha ó thiománaithe a raibh tuairt acu agus tástáil éigeantach ar ábhar meisciúil lena n-áireofar Réamhthástáil Alcóil san Anáil (PBT) agus Réamhthástáil Drugaí (PDT). Eisíonn an Biúró teastais faoi alt 17 d'Acht um Thrácht ar Bhóithre 2010 (arna leasú 2016), agus dlús an alcóil san fhuil agus san fhual á dheimhniú, méid de dhruga nó de dhrugaí san fhuil nó san fhual á dheimhniú agus dlús druga nó drugaí san fhuil á dheimhniú.

De réir an Acht um Thrácht ar Bhóithre 2018, gearrfar pionós níos dhéine ar thiománaithe a bhfuil leibhéal alcóil idir 50mg/100ml agus 80mg/100ml ina gcuid fola acu agus an leibhéal comhionainn in gcuid fuail nó ina gcuid anála, a thugann le fios go mbíonn tionchar ar méid beag alcóil ar an tiomáint.

De réir ionstraim reachtaíochta 385 in 2020, ceadaíodh teastais a eisiúint faoi alt 17 d'Acht um Thrácht ar Bhóithre 2010 le haghaidh méid na ndrugaí áirithe a aimsíodh, seachas don chineál druga amháin. Eisítear dlús na ndrugaí sin a liostáladh le teorainneacha *per se* faoin Acht um Thrácht ar Bhóithre 2016 ar an teastas céanna nuair is cuí. Tá cuíchóiriú déanta aige seo ar an bpróiseas tuairiscithe agus cuireann sé níos mó eolais ar fáil don Tiománaí, Don Gharda Síochána agus don Chúirt.

Le linn 2022, dhírigh an Biúró ar a fhreagrachtaí dlíthiúla mar a leagtar amach sna Achtanna um Thrácht ar Bhóithre (RTA) agus a bheith ina cheannaire maidir le go leor Gníomhartha sa Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre 2021-2030 agus ról comhoibríoch a ghlacadh i ngníomhartha eile faoi cheannas an RSA.

Feidhmíonn an Biúró d'fhonn na feidhmeanna idirnasctha thíos a chomhlíonadh.

| | | |
|---|---|---|
| Fuil agus Fual<br>Anailís ar Alcól | Alcól san Anáil<br>Anailís | Fuil agus Fual<br>Anailís ar Dhrugaí |
| Druga i Leacht an Bhéil<br>Tástáil | Taighde - Tiomáint faoi thionchar Ábhar Meisciúil<br>Teicneolaíochtaí Nua | Sainfhinné Gairmiúil |
| Gnóthaí Corparáideacha agus Airgeadais | Dearbhú Cáilíochta | Sábháilteacht ar Bhóithre |

Fanann an Biúró cothrom le dáta maidir le cúrsaí teicneolaíochta agus bíonn na modhanna anailíse is fearr in úsáid acu. Tá sé tar éis coinneáil suas leis an nuálaíocht i dtéarmaí ionstraimíochta i réimse braite an alcóil agus drugaí sa tsaotharlann agus lasmuigh den tsaotharlann - ar thaobh an bhóthair agus i stáisiúin na nGardaí.

Cuireann an Biúró seirbhís ar fáil don Roinn Iompair, do na Cúirteanna, don Gharda Síochána, do Údarás Eitlíochta na hÉireann, don chosaint, don ionchúiseamh agus don phobal.

Braitheann an rath leanúnach a bhíonn ar fheidhmíocht an Bhiúró ar an infheistíocht i gcúrsaí oiliúna don fhoireann agus i bhforbairt scileanna. Tá an Stiúrthóir freagrach as reáchtáil laethúil an Bhiúró i ngach ceann dá fheidhmeanna Reachtúla faoi na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre 2010 agus 2016. Is é an Príomhanailísí atá freagrach as feidhmiú na saotharlann agus a gcuid clár ar bhonn laethúil. Tá bainisteoir cláir dá gcuid féin ag gach clár ar leibhéal an Phríomhanailísí. Is é an Riarthóir Sinsearach atá freagrach as an gclár Corparáideach/Airgeadais agus as cúrsaí riaracháin ginearálta laistigh den Bhiúró. Tá Bainisteoir Cáilíochta ag an mBiúró ar leibhéal an Phríomhanailísí.

# GAISCÍ & FORBRAÍOCHTAÍ LE LINN 2022

## Réamhthástáil Drugaí

Tháinig ardú ar an Réamhthástáil Drugaí (PDT) de réir a chéile ar fud na tíre. Cuireadh Gníomhaíocht 163 den Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre 2021-2030 i bhfeidhm an 1 Nollaig 2022, chun tús a chur le córas réamhthástála drugaí feabhsaithe d'úsáid An Garda Síochána. Ghlac Gardaí oibríochtúla go maith leis an gcóras Securetec DrugWipe agus déanann sé córas iniompartha níos fearr a sholáthar dóibh le líon drugaí méadaithe ar féidir a bhraith ar thaobh an bhóthair.

## Réamh-Scagthástáil Saotharlainne Drugaí

Bíonn Réamh-Scagthástáil Drugaí ar siúl i gcónaí ag an mBiúró agus úsáid á baint as LC-MS-MS le haghaidh anailís na ndrugaí. Scrúdaíodh gach sampla a raibh leibhéal alcóil níos lú ná 100mg/100ml fola nó a choibhéis ann le haghaidh láithreacht drugaí. Is fusa an druga ar leith nó na drugaí a aithint ag an gcéim thosaigh seo agus an modh scagthástála LC-MS-MS in úsáid.

## Tástáil Deimhniúcháin Saotharlainne Drugaí

Cuireadh na samplaí ar fad a raibh toradh dearfach acu i leith druga amháin nó drugaí i ndiaidh na scagthástála ar aghaidh le haghaidh anailíse deimhniúcháin. I mí Iúil 2021, rinne an tsaotharlann teorannú ar thástáil drugaí chun druga amháin a dhearbhú in aghaidh an tsampla, lean an sceideal tástála seo ar aghaidh i rith 2022, rud a chinntigh go raibh aga slánúcháin á gcoinneáil taobh istigh d'agaí réasúnta. Leanfar ar aghaidh le tástáil dearbhuithe in 2023. Ba léir i roinnt mhaith cásanna go raibh níos mó ná druga amháin i láthair ón scagthástáil. Deimhníonn an Biúró go bhfuil drugaí i láthair agus deimhníonn dlús na ndrugaí sin atá luaite go sonrach i Sceideal 2 d'Acht um Thrácht ar Bhóithre 2016. Déantar an tástáil drugaí saotharlainne ar fad i saoráid an Bhiúró i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath.

## Réamhthástáil Alcóil san Anáil

Cuirtear gaireas Réamhthástála Anála (PBT) ar fáil don Gharda Síochána le húsáid ar thaobh an bhóthair le tástálacha a dhéanamh ar anáil tiománaithe le féachaint an bhfuil alcól i láthair. Déanann an Biúró na gléasanna seo a chalabrú dhá uair in aghaidh na bliana agus tá thart ar 1,400 acu ar fáil d'úsáid an fhórsa i gcónaí.

## Tástáil Fhianaiseach Alcóil san Anáil

Déantar tástáil ar uirlisí Tástáil Fhianaiseach Anála (EBT) dhá uair in aghaidh na bliana. Choimeád an Biúró 87 ngaireas tástáil fhianaiseach alcóil san anáil i stáisiúin na nGardaí ar fud na tíre.

## Dearbhú Cáilíochta

I ndiaidh iniúchadh de chuid INAB (Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú) go luath sa bhliain 2022, coimeádadh creidiúnú ISO 17025.
Cheadaigh raon feidhme solúbtha an Bhiúró anailísí breise a chur leis an bpainéal tástála drugaí gan stró.

## Sláinte, Leas agus Sábháilteacht

Tá an Biúró tiomanta do thimpeallacht shábháilte a chur ar fáil do na fostaithe ar fad, d'innealtóirí a bhíonn ar cuairt, do Ghardaí agus do dhaoine eile. Rinneadh athbhreithniú ar Ráiteas Sábháilteachta an Bhiúró agus rinne monatóirí sábháilteachta na caighdeáin shábháilteachta ab airde a mheas agus a choimeád. Cloítear le Bunráiteas Sábháilteachta Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath agus tá teacht ag foireann an Bhiúró ar réimse iomlán na dtairiscintí sláinte agus

folláine a chuirtear ar fáil don Ollscoil. Níor tharla timpistí ná eachtraí ar bith i rith na bliana a bhféadfaí tuairisc a thabhairt orthu.

## Roinnt Eolais agus Forbairt

Bíonn foireann an Bhiúró agus an Stiúrthóir i mbun cur i láthair ag roinnt de na cruinnithe a reáchtáiltear go fíorúil. Cuireadh tús le hoiliúint an Bhiúró ar na Gardaí arís in 2022 i ndiaidh roinnt mhaith blianta nár soláthraíodh oiliúint mar thoradh ar chosaintí COVID-19.

Tá eolaithe an Bhiúró mar bhaill de choistí náisiúnta agus idirnáisiúnta caighdeán agus roinnt eolais agus ar ghrúpaí oibre, lena n-áirítear OIML (Eagraíocht Idirnáisiúnta um Méadreolaíocht Dhlíthiúil), CEN, Eurachem, UKIAFT (Cumann Tocsaineolaithe Fóiréinseacha na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann) agus EMCDDA (an Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí). Lean obair na gcoistí seo ar aghaidh ar bhonn fíorúil. Tá an Stiúrthóir mar bhall den Chomhairle Idirnáisiúnta um Alcól agus Drugaí i Sábháilteacht ar Bhóithre.

## Soláthar Tomhaltáin don Gharda Síochána

Soláthraíonn an Biúró tomhaltáin don Gharda Síochána chun forfheidhmiú na reachtaíochta um Thrácht ar Bhóithre maidir le tiomáint faoi thionchar meisciúil a éascú. Tá soláthar na dtomhaltán sin bunaithe ar éileamh agus bíonn an Biúró i dteagmháil go dlúth le Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Póilíniú Bóithre a dhéanann maoirseacht ar gach iarratas ar stoc agus ar ghléasanna athsholáthair.


# SAMPLAÍ A FUARTHAS SA TSAOTHARLANN LE HAGHAIDH ANAILÍSE

Sa bhliain 2022, fuarthas líon iomlán de 5,622 sampla fola agus fuail le haghaidh tástáil alcóil agus/nó drugaí. Díobh sin, chuaigh 3,793 ar aghaidh go Tocsaineolaíocht le haghaidh a thuilleadh leitheadúlachta drugaí. Rinneadh tástáil Evidenzers ar anáil 3,821 tiománaí i stáisiúin Gardaí.


Den 5,622 sampla a fuarthas in 2022, is laghdú 4% é seo i gcomparáid le 2021 ach méadú 16% ar an bhfíor réamh-COVID 4,854 in 2019. Ó na samplaí go léir a fuarthas, fual a bhí i 15% díobh agus fuil a bhí i 85% díobh.

**Tábla 1: Líon Iomlán na Samplaí a Fuarthas laistigh de Chláir**


| Clár | 2022 | 2021 | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| **Alcól san Fhuil & san Fhual (leathanach 19)** | 5,622 | 5,862 | 5,967 | 4,854 |
| **Tocsaineolaíocht Fola & Fuail (leathanach 30)** | 3,793 | 4,321 | 4,489 | 3,229 |
| **Tástáil Fhianaiseach Anála (leathanach 22)** | 3,821 | 3,157 | 3,278 | 5,372 |




**Fíor 1:** Samplaí Fola & Fuail faighte ag Stáisiúin na nGardaí de réir Contaetha





**Fíor 2:** Samplaí Fola & Fuail - Contae na dTiománaithe a bhfuil cónaí orthu in 2022




**Fíor 3:** Sampla Fola & Fuail - Tiománaithe ó lasmuigh de Phoblacht na hÉireann 2022

(In 2022, chuir 4% de thiománaithe a n-áit chónaithe ar fáil mar áiteanna lasmuigh de Phoblacht na hÉireann)

Ba é Doire, Tuaisceart Éireann an contae/tír chónaithe is forleithne a chuir tiománaithe lasmuigh de Phoblacht na hÉireann ar fáil, agus gabhadh níos mó tiománaithe a raibh ina gcónaitheoirí Dhoire ná mar a bhí i gceithre cinn de na 26 contae. D'fhéadfadh é seo a bheith mar gheall ar ghaireacht do theorann chontae Dhún na nGall agus go bhfuil an 4ú líon is airde ó Shampla Fola agus Fuail faighte ag Stáisiúin Gharda Dhún na nGall in 2022. Tá an pátrún seo mar an gcéanna ó 2021.





**Fíor 4:** Samplaí ó Thiománaithe Athghabhála in 2022


Tá leibhéal an atitimeachais suntasach le 36 tiománaí a gabhadh faoi 3. Gabhadh 172 tiománaí faoi dhó in 2022.

## Anailís Ama

Is iad na huaireanta is forleithne do thiománaithe meisciúla ná anonn sa tráthnóna nó go moch ar maidin.





**Fíor 5:** An tAm a Glacadh an Sampla





**Fíor 6:** Lá na Seachtaine ar ar Soláthraíodh an Sampla


Cuirtear níos mó samplaí fola agus fuail ar fáil ar an Satharn, ar an Domhnach agus ar an Luan ná aon lá eile sa tseachtain. Tógadh an líon is airde samplaí idir 10pm tráthnóna Dé Sathairn agus 4am maidin Dé Domhnaigh. Ba iad na huaireanta ba ghnóthaí chun samplaí a thógáil ná 1am – 2am maidin Dé Domhnaigh. Mar sin féin, braitear tiománaithe faoi thionchar meisciúil i gcónaí ar gach lá den tseachtain.




**Fíor 7:** Uaireanta Deireadh Seachtaine – An Satharn





**Fíor 8:** Uaireanta Deireadh Seachtaine - An Domhnach




**Fíor 9:** Uaireanta Deireadh Seachtaine – An Luan

## Líon na Samplaí a Cuireadh ar fáil in Ospidéil

Cuireadh 608 sampla ar fáil in ospidéil sa bhliain 2022, is é seo 10.81% de líon iomlán na samplaí fola agus fuail a fuarthas. Tháinig méadú 1.6% ar shamplaí a tógadh in ospidéil in 2022 i gcomparáid le 2021.




**Fíor 10:** Achoimre na gcásanna ospidéil in 2022

## Tiománaithe Gan Aithne

In 2022, seoladh naoi sampla ar aghaidh chuig an mBiúró le haghaidh anailíse tar éis fuil a ghlacadh ó thiománaithe gan aithne gan urlabhra, i gcomparáid le náid sampla ó thiománaithe gan aithne gan urlabhra a fuarthas in 2021.

## Anailsís Inscne

Tháinig méadú ar sciar na mban a gabhadh le 3 bliana anuas.


**Tábla 2: Próifíl Inscne na Samplaí a fuarthas - Fuil & Fual**

| | 2022 | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|
| **FIR** | 85% | 86% | 87% |
| **MNÁ** | 15% | 14% | 13% |


## Próifíl Aoise

Is ionann próifíl aoise na dtiománaithe atá idir 25 - 34 bliain d'aois a chuireann samplaí fola agus fuail ar fáil agus an céatadán is mó de thiománaithe a ghabhtar. Tá 78% d'iomlán na dtiománaithe a gabhadh faoi 45 bliain d'aois. Tá scaipeadh níos cothroime tríd na catagóirí aoise sa ghrúpa baineann ná an grúpa fireann. 14 bliana d'aois a bhí an tiománaí ab óige a

gabhadh agus 96 bliain d’aois an duine ba shine. Bhí an tiománaí fireannach ab óige 14 bliana d'aois agus bhí an tiománaí baineannach is óige 15 bliain d’aois.





**Fíor 11:** Próifíl Aoise de réir % Inscne in 2022




**Fíor 12:** Próifíl Aoise na bhFear in 2022

Ó gach tiománaí a gabhadh agus fear a bhí ann - ba iad 80% acu faoi 45 bliain d’aois (85% in 2021)




**Fíor 13:** Próifíl Aoise na mBan in 2022

Ó gach tiománaí a gabhadh agus bean a bhí ann - ba iad 67% acu faoi 45 bliain d'aois (68% in 2021).



# AN CLÁR ALCÓIL: FUIL & FUAL

Is í an Príomh-Anailísí, an tUasal Louise Lawlor, atá i gceannas ar an gclár seo.

Is iad seo a leanas príomhfheidhmeanna an chláir Fola agus Fuail:

- Admháil agus anailís le haghaidh ábhar meisciúil sna samplaí fola agus fuail a cuireadh ar aghaidh go dtí an Biúró
- Deimhniú an dlúis alcóil sna samplaí fola agus fuail
- Eisiúint Teastas Anailíse
- Tástáil ar shamplaí bréagacha
- Sainchabhair curtha ar fáil do na Cúirteanna agus don Roinn Iompair
- Bailiú agus anailís sonraí maidir le tástálacha alcóil






## Fearais Fola agus Fuail curtha ar fáil

Cuirtear fearais fola agus fuail le chéile go hinmheánach. Ullmhaítear buidéil fola agus fuail le haghaidh bailiú na samplaí le leasaitheach agus antaithéachtach agus leasaitheach faoi seach sa tsaotharlann. Tá gach earra a theastaíonn chun samplaí fola agus fuail a sholáthar go fóiréinseach sna fearais faoin Acht um Thrácht ar Bhóithre. Áirítear i ngach fearas na foirmeacha agus na séalaí a léiríonn má sháraítear é a n-úsáidtear chun slabhra coimeádta ceart an tsampla a chinntiú ón bpointe soláthair i stáisiún na nGardaí nó tugann ospidéal admháil sa tsaotharlann ag an anailísí.

Léiríonn líon agus cóimheas na bhfearas fola agus fuail a eisíodh na samplaí a fuarthas.

**Tábla 3: Fearais Ullmhaithe & Eisithe ag an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre**

| | Fearais Ullmhaithe agus Eisithe | | |
|---|---|---|---|
| | **2022** | **2021** | **2020** |
| **FEARAIS FOLA** | 5,200 | 6,400 | 6,400 |
| **FEARAIS FUAIL** | 2,200 | 1,500 | 1,500 |
| **CRÚISCÍNÍ** | 2,780 | 1,700 | 1,700 |

## Anailís Alcóil san Fhuil agus san Fhual

Baintear úsáid as Crómatagrafaíocht Gháis Idirspáis le Brath Ianúchán lasrach (HSGC-FID) le hanailís a dhéanamh ar shamplaí Fola agus Fuail. Déanann beirt eolaithe éagsúla anailís ar gach sampla faoi dhó ar a laghad agus úsáid á baint acu as dhá chóras HSGC-FID éagsúil. Is gá go mbeadh torthaí na n-anailísí deimhnithe sula n-eiseofar Teastas Anailíse.

Fuarthas líon iomlán 5,622 sampla fola agus fuail le haghaidh anailíse le linn 2022. Cuireadh 17 sampla ar ceal agus níor eisíodh teastas anailíse tiúchana alcóil dóibh ar chúiseanna lena n-áirítear: sampla téachta, sampla nár séalaíodh, sampla nach raibh leordhóthanach, sampla a fuarthas faoi Acht um Thrácht ar Bhóithre 1994 agus samplaí neamh-bona fide a airbheartaíonn gur fual atá ann.

## Meánleibhéal Tuairiscithe Alcóil san Fhuil agus san Fhual


Ba é 160mg/100ml an meánleibhéal alcóil san fhuil agus ba é 198mg/100ml an meánleibhéal san fhual le haghaidh na bliana 2022, gan na samplaí nach raibh aon rian alcóil iontu san áireamh.

## Uasleibhéal Tuairiscithe Alcóil san Fhuil agus san Fhual


Ba é 415mg/100ml an t-uasleibhéal alcóil san fhuil agus ba é 479mg/100ml an t-uasleibhéal alcóil san fhual.

## Samplaí na Tiúchana Alcóil Ísle san Fhuil agus san Fhual

Ní raibh aon rian alcóil ar 54% de na samplaí fola agus fuail.




**Fíor 14:** Leibhéil Deimhnithe Alcóil Fola 2022 in aghaidh 2021




**Fíor 15:** Leibhéil Deimhnithe Alcóil Fuail 2021 in aghaidh 2020

Comhfhreagraíonn na leibhéil a luaitear ar Chairt 14 & 15 do na leibhéil phionóis grádaithe agus do thiúchan níos airde.

Nach mbíonn teacht ag an mBiúró ar shonraí rangúcháin tiománaithe nuair a fhaigheann siad samplaí le cur faoi thástáil, i.e. Tiománaithe a bhfuil Ceadúnas Iomlán acu i gcoinne Tiománaithe Sonraithe (Tiománaithe Gairmiúla, Foghlaimeoirí agus Tosaitheoirí) sa chás go bhfuil laghdú tagtha ar na teorainneacha dlí.

# AN CLÁR ALCÓIL: ANÁIL

Is í an Príomh-Anailísí, an tUasal Louise Lawlor, atá i gceannas ar an gclár seo. San áireamh sa chuid tástáil anála alcóil in 2022 bhí na cláir réamhthástáil anála, tástáil fhianaiseach anála agus tástáil anála eitlíochta.

Is iad seo a leanas príomhfheidhmeanna an chláir Alcól san Anáil:

- Trealamh a cheadú, a sholáthar agus a thástáil a thugann le fios má bhíonn alcól le brath san anáil (gléasanna réamhthástála anála ar thaobh an bhóthair)
- Trealamh a cheadú, a sholáthar agus a thástáil le dlús an alcóil a mheas san anáil (uirlisí tástála fianaisí anála)
- Sainchabhair curtha ar fáil do na Cúirteanna agus don Roinn Iompair.
- Cúrsaí oiliúna a chur ar fáil d'Oibritheoirí EvidenzerIRL agus do Mhaoirseoirí.
- Cúrsaí Oiliúint don Oiliúnóir a chur ar fáil don ghléas um Fheidhmiúchán Dräger Alcotest 7510
- Bailiú agus anailís sonraí maidir le tástálacha fianaiseacha alcóil san anáil.
- Is é faomhadh, soláthar agus tástáil an fhearais a léiríonn go bhfuil alcól ann agus an tiúchan alcóil san anáil le húsáid ag an Údarás Eitlíochta na hÉireann (IAA).
- Cúrsaí oiliúna a sholáthar d'fheidhmiúchán an aonaid Dräger Alcotest 8610.






Gléas Dräger Alcotest 7510

## Tástáil Eitlíochta Alcóil san Anáil

Glactar go forleathan le húsáid tástáil anála eitlíochta alcóil ar fud na hEorpa mar chuid riachtanach do shábháilteacht aerthaistil.

Bhunaigh an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta (EASA) sraith treoirlínte maidir le tástáil anáileadán in iniúchtaí rampa eitlíochta, lena n-áirítear riachtanas go ndéanann píolótaí agus baill criú tástáil alcóil.



Is é Údarás Eitlíochta na hÉireann (IAA) an comhlacht atá freagrach as rialáil sábháilteachta eitlíocht sibhialta na hÉireann agus maoirseacht a dhéanamh ar slándáil eitlíocht sibhialta in Éirinn.

Ghlac an Biúró agus Údarás Eitlíochta na hÉireann (IAA) páirt i Meabhrán Tuisceana a leag amach comhaontú ón dá pháirtí trína gceadaíonn, a soláthraíonn agus a ndéanann an Biúró scrúdú ar aonad Dräger Alcotest 8610 le haghaidh scéim tástála anála alcóil an IAA.

Rinneadh athnuachan ar an gComhaontú seo in 2022. Tá ceithre ghléas oibríochtúil taobh istigh den scéim seo.
Déanann an Biúró tástáil agus calabrú ar na gléasanna seo gach 6 mhí.
Cinntíonn an tástáil seo cruinneas agus feidhmiú ceart na ngléasanna agus tá sé creidiúnaithe ag Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB) faoi chaighdeán ISO 17025.

## Tástáil Alcóil san Anáil ar Thaobh an Bhóthair

Baineann Tástáil Alcóil san Anáil ar Thaobh an Bhóthair le húsáid anailíseoirí anála alcóil.
Is féidir leis an anailíseoir méid alcóil láthair in anáil duine a bhrath.
The an t-anáileadán soghluaiste agus is féidir le baill AGS é a iompar le húsáid ag seicphointí ar thaobh an bhóthair chun tiománaí a thástáil le haghaidh alcóil.
Nuair a easanálaíonn duine isteach sa ghléas, déanann sé láithreacht alcóil san anáil a thom
Má tá an leibhéal alcóil san anáil thar an teorainn dhlíthiúil léireoidh an gléas TEIP.



Má tá an leibhéal alcóil san anáil faoin teorainn dhlíthiúil léireoidh an gléas PAS.

Déanann an Biúró na gléasanna Dräger Alcotest 7510 a chalabrú agus a thástáil gach 6 m
In 2022, rinneadh 2,243 calabrú san iomlán ar ghléasanna tástála anála Dräger Alcotest 75
Cinntíonn an tástáil seo cruinneas agus feidhmiú ceart na ngléasanna agus tá sé creidiún nta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB) faoi chaighdeán ISO 17025.

Tugtar na gléasanna ar ais don Bhiúró le haghaidh tástála agus calabraithe. Tá 1,400 gléas san iomlán ag an mBiúró le thart ar 1200 in úsáid. Ceannaíodh roinnt gléasanna athsholáthair ag deireadh 2022.




## Tástáil Fhianaiseach Alcóil san Anáil


Úsáidtear uirlis tástáil fhianaiseach anála chun anáil tiománaí a anailísiú agus tiúchana alcóil san anáil a chinneadh. Is iad µg/100mL na haonaid tomhais. Déantar an anailís trí mhéid alcóil sa sampla anála a thug an tiománaí a thomhais isteach san uirlis.

Tá uirlisí tástála fhianaiseach anála cruinn, iontaofa agus baintear úsáid astu ar fud an domhain in forfheidhmiú um thrácht ar bhóithre.

Ceann de na buntáistí a bhaineann le huirlisí tástáil fhianaiseach anála ná go bhfuil siad neamhionrach murab ionann agus teicníochtaí eile amhail tástálacha fola agus fuail. Ní gá ach don tiománaí análú isteach san uirlis agus cuirtear torthaí fíor-ama ar fáil.

Thug an Biúró tacaíocht do 87 uirlis EvidenzerIRL agus rinneadh cothabháil orthu i stáisiúin na nGardaí ar fud na hÉireann in 2022, féach ar an léarscáil thíos chun neas-suíomhanna a fheiceáil.




## Uirlisí Tástála EBT i Stáisiúin na nGardaí



Gach 6 mhí, déanann eolaí Biúró tástáil ar gach uirlis EvidenzerIRL a suiteáladh i stáisiúin na nGardaí.

Bhí tástálacha líneachta, cruinnis agus in-atrialltachta (beachtais) i gceist leis seo.

Tá an tástáil creidiúnaithe ag Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB) faoi chaighdeán ISO 17025.

Cinntíonn an tástáil seo cruinneas agus feidhmiú ceart an ionstraimithe EvidenzerIRL.

Rinneadh na tástálacha seo ar an láthair 200 uair sa bhliain in 2022 (191 uair sa bhliain in 2021).

Gné ríthábhachtach is ea an tástáil seo le cáilíocht thorthaí na tástála alcóil san anáil a chinntiú d'fhonn na fianaise.

## Oiliúint




Soláthraíonn an Biúró oiliúint don Gharda Síochána maidir le húsáid uirlisí tástála fhianaiseach anála.

Rinneadh trí chúrsa dhéag EvidenzerIRL a reáchtáil sa bhliain 2022.

Bhí ceithre cinn de na cúrsaí seo le haghaidh maoirseoirí amháin a cuireadh ar fáil dóibh siúd a rinne oiliúint cheana féin mar Oibritheoirí.


Déantar an cúrsa a reáchtáil ar an láthair ag Campas UCD i gcomhar le Coláiste Oiliúna an Gharda Síochána.

Tá oiliúint lá go leith i gceist d'oibritheoirí agus oiliúint leath lá breise don chúrsa maoirseachta.

Cuireadh oiliúint ar 197 ball den Gharda sna cúrsaí oiliúna seo in 2022. Bhí an filleadh ar oiliúint seo dearfach i ndiaidh fionraíocht an chúrsa seo le linn na paindéime.

Ní raibh aon chúrsa Oiliúint don Oiliúnóir don ghléas Dräger Alcotest 7510 ná an gléas Dräger Alcotest 8610 riachtanach in 2022.






**Fíor 16:** Leibhéil Alcóil Dheimhnithe 2022* – Anáil

***(*2022 Staidreamh a tuairiscíodh** ón 1 Iúil 2021 go dtí an 30 Meitheamh 2022)*

## Anailís ar Alcól san Anáil

Don Tuarascáil Bhliantúil 2022, rinneadh staitisticí a thomhais ó tástálacha fhianaiseach anála ón 1 Iúil 2021 go dtí an 30 Meitheamh 2022. Tugadh thart ar 3,821 tiománaí go dtí Stáisiúin na nGardaí agus chuir siad ar fad samplaí anála ar fáil le haghaidh anailíse alcóil. Laghdaigh an phaindéim COVID-19 líona na dtástálacha anála a rinneadh sa bhliain 2020 (agus sa bhliain 2021). Ina ainneoin sin, áfach, léirigh líon na dtástálacha anála taobh istigh den tréimhse seo ardú beag. I gcás 3% de na cásanna seo, thug EvidenzerIRL cúis ar leith chun solais nach bhféadfaí teastas Alt 13 a chur ar fáil, mar shampla, cosaintí ar nós Alcól Béil nó Difríocht Anála. I gcás 13% de thiománaithe, theip orthu nó dhiúltaigh siad samplaí anála a thabhairt. Cuireadh 85% sampla anála ar an iomlán i gcrích go héifeachtach agus eisíodh teastas Alt 13.

As na tiománaithe ar fad a thug samplaí anála go héifeachtach, cláraíodh toradh alcóil a bhí os cionn a náid i gcás 95% díobh.


## Leibhéal Airmheánach agus Uasleibhéal Alcóil san Anáil

Ba é 51µg/100ml an leibhéal airmheánach deimhnithe alcóil san anáil sa bhliain 2022, taobh amuigh de na samplaí anála a raibh toradh alcóil a náid acu.

Ba é 149µg/100ml an t-uasleibhéal alcóil san anáil in 2022.

## Anailís Ama

Tharla an líon is mó samplaí anála sa tréimhse ama seo idir 10pm agus 4am (57%) le patrún céanna cosúil le samplaí fola agus fuail.




**Fíor 17:** An tAm a Soláthraíodh an Sampla Anála 2022*

***(*2022 Staidreamh a tuairiscíodh** ón 1 Iúil 2021 go dtí an 30 Meitheamh 2022)*

## An Inscne i Samplaí Tástála Fianaisí Anála


Is mó ar fad líon na dtiománaithe fireanna a chaithfidh sampla anála a chur ar fáil ná líon na dtiománaithe baineanna, agus is é thart ar 6:1 an cóimheas idir fir agus mná, d'fhan an phróifíl inscne mar a bhí i mblianta roimhe seo.

**Tábla 4: Próifíl Inscne na Samplaí Anála a cuireadh ar fáil 2022***

| | 2022 (tuairiscithe*) | 2021 | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| **FIR** | 85% | 85% | 85% | 86% |
| **MNÁ** | 15% | 15% | 15% | 14% |


***(*2022 staidreamh a tuairiscíodh** ó 1 Iúil 2021 go 30 Meitheamh 2022 - tuairiscíodh 1 inscne anaithnid)*

## Próifíl Aoise i Samplaí Tástáil Fhianaiseach Anála





**Fíor 18 (a):** Próifíl Aoise Tiománaithe 2022 – Anáil - % na bhFear ar an iomlán

***(*2022 Staidreamh a tuairiscíodh** ón 1 Iúil 2021 go dtí an 30 Meitheamh 2022)*




**Fíor 18 (b):** Próifíl Aoise Tiománaithe 2022 – Anáil - % na mBan ar an iomlán

***(*2022 Staidreamh a tuairiscíodh** ón 1 Iúil 2021 go dtí an 30 Meitheamh 2022)*




**Fíor 19:** Próifíl Aoise Tiománaithe 2022 – Anáil

*(***2022 Staidreamh a tuairiscíodh** ón 1 Iúil 2021 go dtí an 30 Meitheamh 2022)*

Is sa chatagóir 35-44 bliain d'aois is mó a chuireann leis an líon tiománaithe a gabhadh a sholáthraíonn sampla anála. Bhí aoisghrúpa 25-34 bliana d’aois i gceist do 25% de líon iomlán na dtástálacha anála.

Ba é an tiománaí ab óige 14 bliana d'aois agus ba é an duine is sine 84 bliain d’aois. Ba é 38 bliana d’aois an aois mheánach (baineannach, 39 bliana d’aois). Bhí ceathrar tiománaithe déag faoi 17 mbliana d’aois a chuir sampla ar fáil.

# CLÁR TOCSAINEOLAÍOCHTA

Is é an Príomhanailísí, Dr Richard Maguire, atá i gceannas ar an gclár seo. Ba iad seo a leanas príomhfheidhmeanna an chláir seo sa bhliain 2022:

- Anailís a dhéanamh ar shamplaí fola agus fuail le druga nó drugaí a bhrath agus/nó dlús druga a dheimhniú.
- Eisiúint Teastas Anailíse má bhíonn druga nó drugaí i láthair agus/nó sa chás go ndeimhnítear dlús na ndrugaí.
- Gléasanna Réamhthástála Drugaí (leacht béil) a chur ar fáil/ a chothabháil agus rialú cáilíochta ar thomhaltáin.
- Anailís ar leacht béil le haghaidh an rialaithe cháilíochta.
- Modhanna nua a fhorbairt don tástáil drugaí agus feabhas a chur ar mhodhanna a bhí ann cheana.
- Sainchabhair a chur ar fáil do na Cúirteanna agus don Roinn Iompair agus don Gharda Síochána.
- Bailiú agus anailís sonraí maidir le tástálacha tocsaineolaíochta.
- Taighde ar dhrugaí atá mar chúis lagaithe ag tiománaithe.

## Réamhthástáil Drugaí (PDT) ar Thaobh an Bhóthair/Stáisiúnbhunaithe

Cuireadh tús leis an gclár Réamhthástáil Drugaí sa bhliain 2017 agus cuireadh i bhfeidhm é ar an 13 Aibreán 2017. Le linn 2022, bhí dhá chóras réamhthástála éagsúil drugaí in úsáid. Ón 1 Eanáir 2022 go 30 Samhain 2022 bhí Dräger Drugtest 5000 in úsáid. Bhraith an córas seo ar anailíseoir chun an tástáil a reáchtáil. De réir tairiscint iomaíoch, tháinig an Securetec DrugWipe 6S in áit an Dräger DT5000 ón 1 Nollaig 2022. Níl anailíseoir riachtanach leis an DrugWipe 6S, baintear úsáid as córas caiséid amháin.

### Dräger Drugtest 5000

Bhí an anailíseoir seo in ann cannabas, cócaon, codlaidínigh, agus beinsidhé-asaipíní i leacht an bhéil a bhrath agus baineadh úsáid as ar thaobh an bhóthair agus níos lú sna stáisiúin Gardaí. Sonraítear dáileadh na n-anailíseoirí le linn a saolré thíos.

**Tábla 5: Dáileadh Anailíseoirí DT5000**

| Bliain | Soghluaiste | Seasta | Hibrid | Coláiste Oiliúna |
|---|---|---|---|---|
| **2017** | 47 | 86 | n/a | 5 |
| **2018** | 60 | 86 | n/a | 5 |
| **2019** | 75 | 86 | n/a | 5 |
| **2020** | 75 | 87 | 45 | 5 |
| **2021** | 93 | 86 | 44 | 5 |
| **2022** | 93 | 86 | 44 | 5 |

**Dáileadh Anailíseoirí DT5000 2017-2022 (tagraíonn hibrid do chórais stáisiún-bhunaithe a bhí in-athscaoilte do thaobh an bhóthair freisin)**

Lean tástáil feidhmiúcháin agus cothabháil rialta anailíseoirí DT5000 (tréimhse 6 mhí) le linn 2022. Cuireadh deireadh le hoibríocht na ngléasanna DT5000 an Garda Síochána ag meán oíche an 30 Samhain 2022. Sonraítear i dtábla 6 thíos líon na dtástálacha a reáchtáladh le linne an tréimhse Eanáir go Samhain 2022.

**Tábla 6: Anailíseoirí DT5000 – Soghluaiste agus Stáisiún**

| Cineál Anailíseora in Úsáid | Líon na dTástálacha |
|---|---|
| **Soghluaiste amháin** | 7,222 (8,897 in 2021) |
| **Stáisiúnbhunaithe** | 1,460 (1,916 in 2021) |
| **Iomlán** | 8,682 (10,813 in 2021) |

**Nóta: clúdaítear leis seo 01/01/22 go 30/11/22 amháin**

## Securetec DrugWipe 6S

Foilsíodh tairiscint i Lúnasa 2021 maidir le soláthar córais a bhféadfaí a úsáid gan anailíseoir leictreach ar leith a bheith riachtanach. Rinneadh an soláthair seo a reáchtáil i ndlúthpháirtíocht le An Garda Síochána agus cuireadh i gcrích é i Lúnasa 2022. Ba é Securetec an tairgeoir a bhuaigh lena chaiséad DrugWipe 6S (DW6S). Mar aon le cannabas, cócaon, codlaidínigh agus beinsidhé-asaipín a bhrath sa leacht béil, tá sé de chumas ag an táirge nua mar is ionann agus an córas deireanach Amfataimín, Meitiolamfataimín,agus drugaí amhail eacstais cosúil le MDMA a bhrath chomh maith (féach thíos).



**Securetec DrugWipe 6S**

Chumasaigh an córas nua tabhairt isteach an chórais tástála nua drugaí breise a thástáil i ndaonra tiománaithe agus cuireadh tástáil níos in-imscartha ná an ceann deireanach ar fáil d'fhorfheidhmiú um thrácht ar bhóithre. In 2022, eisíodh 5,900 caiséad DW6S don Gharda Síochána.

## Tástáil Drugaí i Leacht an Bhéil agus Leitheadúlacht Drugaí 2022

Rinne an Biúró bainistíocht ar rialú cáilíochta tástáil na STKanna agus caiséid DW6S a fuarthas le linn 2022 le cinntiú gur bhain siad na riachtanais teicniúla riachtanacha amach.

Cuireadh líon na dtástálacha ar na hanailíseoirí DT5000 atá ar fáil don Gharda Síochána i dtoll a chéile don bhliain 2022. Ba é 8,682 líon na dtástálacha a rinneadh ar anailíseoirí DT5000 in 2022 (bhí ,10.813 in 2021). Sonraítear thíos leitheadúlacht do gach druga don tréimhse úsáide DT5000 in 2022 (Féach Tábla 7). Ní tomhas ar ghníomhaíocht forfheidhmithe é seo toisc nach ndéanann an córas idirdhealú idir tástálacha a dhéantar chun críocha oiliúna, taispeána, rialaithe cáilíochta nó forfheidhmithe.

**Tábla 7: Leitheadúlacht na ndrugaí a bhraith an DT5000**

| Grúpa Drugaí | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 |
|---|---|---|---|---|
| **Cannabas** | 66% | 63% | 66% | 62% |
| **Cócaon** | 43% | 45% | 43% | 49% |
| **Codlaidínigh** | 13% | 14% | 11% | 11% |
| **Beinsidhé-asaipíní** | 6% | 7% | 8% | 9% |

**Leitheadúlacht deimhneacha drugaí ó íoslódálacha tástáil DT5000 a rinneadh idir an 1 Eanáir agus an 30 Samhain 2022.**

Sa chás go mbailítear sampla den leacht béil ó thiománaí le tástáil a dhéanamh air, agus go mbíonn toradh dearfach aige maidir le druga amháin nó le drugaí, iarrann an Biúró go gcuirfeadh An Garda Síochána "Foirm Faisnéise Drugaí" isteach le torthaí na tástála ar thaobh an bhóthair a thabhairt le fios. I ndiaidh an DW6S a thabhairt isteach, tugadh isteach Foirm Faisnéise Drugaí ionas go bhféadfaí torthaí maidir le Amfataimín/Meitiolamfataimín a bhraith.

**DRUG INFORMATION FORM**

To be returned to Medical Bureau of Road Safety with specimen taken under the Road Traffic Act.

**(1) Driver's Name:** ____________________________________________

**(2) Was Preliminary Drug Testing carried out?** YES ☐ NO ☐

*Please indicate positive results by ticking the relevant boxes below. Do not tick drugs if negative / not tested.*

Cannabis ☐ Cocaine ☐ Benzodiazepine ☐

Opiate ☐ Amphetamines / Methamphetamines ☐

If Alcohol Evidential Breath Testing was carried out in the Garda Station include a copy of the Section 13 printout

**Foirm Faisnéise Drugaí a tugadh isteach i Nollaig 2022**

Cumasaíonn an Fhoirm Faisnéise Drugaí comparáid a dhéanamh idir feidhmíocht na tástála ó leacht béil agus tástáil saotharlainne.

Sa bhliain 2022, tugadh 1,606 sampla a raibh 'Foirm Faisnéise Drugaí' leo ag tabhairt le fios go ndearnadh tástáil PDT ar an leacht béil (1,837 in 2021). As na tástálacha seo ar fad, cuireadh toradh dearfach drugaí in iúl in 1,603 (1,832 in 2021) acu le haghaidh druga amháin ar a laghad as an gceithre dhruga ar féidir leis an DT5000 iad a bhrath. As ná cásanna dearfacha in 2022, léirítear i dtábla 8 thíos leitheadúlacht na ndrugaí a bhraith an DT5000.

**Tábla 8: Leitheadúlacht na ndrugaí a bhraith an DT5000 & an DW6S**


| Grúpa Drugaí | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 |
|---|---|---|---|---|
| **Cannabas** | 66% | 67% | 69% | 66% |
| **Cócaon** | 43% | 46% | 45% | 48% |
| **Codlaidínigh** | 8% | 8% | 6% | 6% |
| **Beinsidhé-asaipíní** | 4% | 5% | 5% | 5% |
| **Amfataimíní** | n/a | n/a | n/a | 3% |

**Leitheadúlacht deimhneacha drugaí a tuairiscíodh ar foirmeacha faisnéise drugaí don DT50000 agus an DW6S 01/01/22-31/12/22. Ní raibh brath Amfataimíní ach ar fáil ó 01/12/22 go 31/12/22)**

# Tástáil Saotharlainne

## Achoimre an tSampla Fola agus Fuail

Rinneadh anailís ar 3,793 sampla maidir le láithreacht druga nó drugaí, agus laghdú 12.2% é sin ar líon na samplaí a ndearnadh anailís orthu in 2021. Sonraítear líon na samplaí a raibh anailís riachtanach orthu idir 2015 agus 2022.




**Fíor 20: Líon na Samplaí Tocsaineolaíochta a Scrúdaíodh (ó 2015 go 2022)**

Bhí gá le hanailís tocsaineolaíochta i gcás 67.5% de na samplaí ar fad a fuarthas (74% in 2021). Is é an polasaí an Bhiúró ó thús 2020 ná gach sampla a thástáil le haghaidh drugaí ina bhfuil an toradh alcóil faoi 100mg/100ml san fhuil nó an 135mg/100ml san fhual.


Bhí 14 sampla (40 in 2021) a bhí thar na tiúchana alcóil thuasluaite, iarradh go ndéanadh an Garda Síochána tástáil orthu seo go sonrach. Bhí 8 sampla tástáil fhianaiseach anála diúltacha (11 in 2021) a seoladh don Biúró le tástáil a dhéanamh orthu.

Thug na bearta a tugadh isteach san Acht um Thrácht ar Bhóithre 2016 an chumhacht do na Gardaí sampla fola a ghlacadh sna cásanna a raibh drugaí tugtha le fios sa réamhthástáil an leachta béil nó i dtástáil lagaithe. Dá thoradh air seo, tháinig athrú ar an gcóimheas de chineál sampla i dtreo fola in áit fual le 89% (91% in 2021) na samplaí a ndearnadh anailís ar thocsaineolaíocht a raibh fuil agus 11% a raibh fual (9% fual in 2021).


Rinneadh scagthástáil tosaigh do channabas, cócaon, codlaidínigh (m.sh., moirfín, cóidín), beinsidhé-asaipíní, amfataimíní (m.sh., amfataimín, meitiolamfataimín, MDA, MDMA) agus frith-hiostaimíní (défheinhiodraimín) ag baint úsáid as Crómatagrafaíocht Leachta le Mais-Speictriméadracht (LC-MS-MS). Cuireadh substaintí sícighníomhacha ó aicme beinsidhé-asaipín, Adinazolamum, Flualprazolam, Flubromazepam agus Flubromazolam leis an modh scagtha in 2022**.**

Den 3,793 sampla a ndearnadh tástáil orthu in 2022,(4,321 in 2021) aimsíodh go raibh 2,828 (3,412 in 2021) dearfach le haghaidh aicme druga amháin ar a laghad ar réamhthástáil saotharlainne drugaí. Bhí 965 diúltach do dhrugaí a ndíríonn an Biúró orthu ag na tairseacha a bhíonn in úsáid ag an mBiúró (909 in 2021).  B'ionann an figiúr dearfach drugaí seo agus 75% de na samplaí Tocsaineolaíochta (79% in 2021) agus 50% de na samplaí a fuarthas sa Bhiúró (58% in 2021).


Léirítear i gCairt 21 thíos leitheadúlacht na ndrugaí a braitheadh sna samplaí fola agus fuail ar fad. Mar a bhí sna blianta atá caite, ba é an cannabas an druga ba choitianta. Tá an cócaon ar an dara druga is coitianta.




**Fíor 21: Scagthástáil ar Leitheadúlacht Drugaí 2022**




**Fíor 22: Scagthástáil ar Dhrugaí - Líon na n-aicmí a braitheadh in aghaidh an tsampla 2022**





**Fíor 23: Scagthástáil ar Dhrugaí – Leitheadúlacht na meascán sa chás gur braitheadh dhá dhruga in aghaidh an tsampla in 2022**

**(Cann: Cannabas, Cóc :Cócaon, Benzo: Beinsidhé-asaipín, Opia: codlaidíneach, Amp: amfataimín, Antihist: Frith-hiostaimín)**

Ó thaobh na próifíle inscne de,fir iad 86.8% agus mná iad 12.9%, (níor luadh inscne 0.3%) bunaithe ar shonraí dearfacha scagtha atá cosúil leis an miondealú a rinneadh sa bhliain 2021 (fir iad 90.3%, mná iad 9.1%, níor luadh inscne 0.6%).

Léirítear próifíl aoise na samplaí dearfacha thíos le 83% faoi bhun ≤ 44 bliain d’aois agus 63% faoi bhun 34 bliain d’aois.




**Fíor 24: % Líon Iomlán a Scagthástáladh Dearfach de réir Aoise 2022**

## Anailís Deimhnithe

A luaithe a dhéantar sampla dearfach a bhrath le linn na scagthástála tosaigh, déantar é a dheimhniú trí úsáid a bhaint as Crómatagrafaíocht Gháis le comh-Speictriméadracht Mhaise agus Crómatagrafaíocht Leachtach le recomh-Speictriméadracht Mhaise le haghaidh gach druga eile. In 2022 bhí líon na samplaí níos lú ach inchomparáide leis an mbliain roimhe.

I ngach cás ar leith, ní fhéadfaí líon beag samplaí a dheimhniú mar gheall ar shrianta ar mhéid an tsampla.

Mar gheall ar an méadú suntasach ar líon na samplaí a fuarthas le haghaidh tástála drugaí ó 2017, rinneadh athbhreithniú ar an mbeartas maidir leis na drugaí go léir a braitheadh ag an scagthástáil a dheimhniú faoi réir méid na samplaí. Sa bhliain 2021, tháinig athrú ar an mbeartas dá bharr sin inar cuireadh an sampla ar aghaidh chuig modh tástála deimhnithe amháin. Cuireadh é seo i bhfeidhm maidir le samplaí a fuarthas ar nó tar éis an 1 Iúil 2021. Tá sé beartaithe filleadh ar dheimhniú na ndrugaí go léir a braitheadh ag an scagthástáil tar éis tuilleadh athbhreithnithe.

Sonraítear dáileadh na dtástálacha deimhnithe ó 2019 go 2022 i dtábla 9 thíos.

**Tábla 9: Tástáil dheimhnithe do na drugaí/ranganna éagsúla**

| Grúpa Drugaí | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 |
|---|---|---|---|---|
| **Cannabas** | 1,747 | 2,606 | 2,353 | 1,949 |
| **Beinsidhé-asaipíní** | 475 | 535 | 369 | 101 |
| **Cócaon** | 852 | 1,494 | 1,239 | 889 |
| **Codlaidínigh** | 308 | 453 | 313 | 214 |
| **Amfataimín/Meitiolamfataimín** | 157 | 193 | 107 | 54 |
| **Frith-hiostaimíní** | n/a | n/a | 7 | 6 |
| **Iomlán** | 3,539 | 5,281 | 4,388 | 3,213 |

Cuireadh tuarascáil na mbeinsidhé-asaipíní, Clóirdhé-asapocsaíd agus an támhachán Sóilpidéim leis an bpainéal daingniúcháin drugaí in 2022.

## Teorainneacha dlíthiúla

Tugadh leibhéil *per se* isteach san Acht um Thrácht ar Bhóithre 2016 (a achtaíodh i mí Aibreáin 2017) le haghaidh an Channabais, an Chócaoin agus an Hearóin san fhuil iomlán (féach tábla 10).

**Tábla 10: *Leibhéil* Per se**

| Druga | Teorainn dhlíthiúil |
|---|---|
| **$\Delta^9$-Teitrihidreacannaibionól (Cannabas)** | 1ng/ml |
| **11-nor-9-carboxy-$\Delta^9$-teitrihidreacannaibionól (Cannabas)** | 5ng/ml |
| **Cócaon** | 10ng/ml |
| **Beansóileacgainín (Cócaon)** | 50ng/ml |
| **6-aicéitiolmoirfín (Hearóin)** | 5ng/ml |

## Leibhéil Druga Meánach *Per Se*

Ba é meánleibhéal $\Delta^9$-Teitrihidreacannaibionól (Cannabas) ná 6.2ng/ml in 2022 (5.7ng/ml in 2020 agus 6.0ng/ml in 2021).

Ba é leibhéal 11-nor-9-carbocsai-$\Delta^9$-teitrihidreacannaibionól (Cannabas) ná 65ng/ml in 2022 (55.6ng/ml in 2020, 58.8ng/ml in 2021).

Ba é meánleibhéal cócaoin ná 34.1ng/ml in 2022 (35.1ng/ml in 2021).

Ba é leibhéal Beansóileacgainín ná 604.6ng/ml in 2022 (600.8ngml in 2021).

Baintear neamhchinnteacht tomhais ón bhfigiúr anailíseach amh don tuairisciú. Tá na meáin a chuirtear i láthair anseo bunaithe ar figiúirí anailíseacha amha.

Tá na hAnailítí a ndírítear orthu sa thástáil drugaí liostaithe i dtábla 11.



*Tábla 11: Anailítí a ndírítear orthu in anailís scagthástála LC-MS-MS*

| # | ANAILÍT | Aicme/ Cineál |
|---|---|---|
| 1 | 6-Aicéitiolmoirfín | Ópóideach |
| 2 | 7-Aminoclonazepam | Beinsidhé-asaipíní |
| 3 | 7-Aminoflunitrazepam | Beinsidhé-asaipíní |
| 4 | 7-Aminonitrazepam‡ | Beinsidhé-asaipíní |
| 5 | Adinazolamum | Beinsidhé-asaipíní |
| 6 | Alfa-Hiodrocsalprasólam | Beinsidhé-asaipíní |
| 7 | Alfa-Pyrrolidinopentiophenone | Cáitíonón |
| 8 | Alprasólam | Beinsidhé-asaipíní |
| 9 | AM-2201 | Cannabinoid |
| 10 | Beansóileacgainín | Cócaon |
| 11 | Beansóilpipioraisín | Cáitíonón |
| 12 | Brómaiseapam | Beinsidhé-asaipíní |
| 13 | Clóirdhé-asapocsaíd | Beinsidhé-asaipíní |
| 14 | Clóbasam | Beinsidhé-asaipíní |
| 15 | Clónaiseapam | Beinsidhé-asaipíní |
| 16 | Cocaethylene | Cócaon |
| 17 | Cócaon | Cócaon |
| 18 | Cóidín | Ópóideach |

| | | |
|---|---|---|
| 19 | Desalkylflurazepam | Beinsidhé-asaipíní |
| 20 | Deamocsapam | Beinsidhé-asaipíní |
| 21 | Déiseapam | Beinsidhé-asaipíní |
| 22 | Déhidreacóidín | Ópóideach |
| 23 | Défheinhiodraimín | Frith-hiostaimín |
| 24 | EDDP | Meatadón |
| 25 | Estasólam | Beinsidhé-asaipíní |
| 26 | Etizolamum | Beinsidhé-asaipíní |
| 27 | Feanfluraimín | Amfataimín |
| 28 | Feantanail | Ópóideach |
| 29 | Flualprazolam | Beinsidhé-asaipíní |
| 30 | Flubromazepam | Beinsidhé-asaipíní |
| 31 | Flubromazolam | Beinsidhé-asaipíní |
| 32 | Fluinítriseapam | Beinsidhé-asaipíní |
| 33 | Flúocseitín | Frithdhúlagrán |
| 34 | Fluraiseapam | Beinsidhé-asaipíní |
| 35 | Gabaipéintin | Fritrithíoch |
| 36 | HU-210 | Cannaibionóideach |
| 37 | Hydrocodonum | Ópóideach |
| 38 | JWH-018 | Cannaibionóideach |

| # | ANAILÍT | Aicme/ Cineál |
|---|---|---|
| 39 | Céataimín | Ainéistéiseach Dícheangail |
| 40 | Lóraiseapam | Beinsidhé-asaipíní |
| 41 | Meitiol-lóraiseapam | Beinsidhé-asaipíní |
| 42 | Meitiléindé-ocsamfataimín | Amfataimín |
| 43 | Methylenedioxyethylamphetamine | Amfataimín |
| 44 | Methylenedioxymethylamphetamine | Meitiolamfataimín |
| 45 | Meitiléindé-ocsaipireavailéarón | Cáitíonón |
| 46 | Meipiridín | Cáitíonón |
| 47 | Meifeadrón (4-MMC) | Cáitíonón |
| 48 | Meatadón | Meatadón |
| 49 | Meitilfeanadáit | Cáitíonón |
| 50 | Meadaiseolam | Beinsidhé-asaipíní |
| 51 | Moirfín | Ópóideach |
| 52 | N-Desmethylflunitrazepam | Beinsidhé-asaipíní |
| 53 | N-Desmethylzopiclone | Z-druga |
| 54 | Níotraiseapam | Beinsidhé-asaipíní |
| 55 | Nordiazepam | Beinsidhé-asaipíní |
| 56 | Nor-feantanail | Ópóideach |
| 57 | Nor-céataimín | Ainéistéiseach Dícheangail |
| 58 | Normeperidine | Cáitíonón |
| 59 | O-desmethyltramadol | Ópóideach |

| | | |
|---|---|---|
| 60 | Ocsaiseapam | Beinsidhé-asaipíní |
| 61 | Ocsacódón | Ópóideach |
| 62 | Ocsamorfón | Ópóideach |
| 63 | Phenazepam | Beinsidhé-asaipíní |
| 64 | Praiseapam | Beinsidhé-asaipíní |
| 65 | Réamhghabalain | Fritrithíoch |
| 66 | S-Amfataimín | Amfataimín |
| 67 | S-Meitiolamfataimín | Meitiolamfataimín |
| 68 | Teamaiseapam | Beinsidhé-asaipíní |
| 69 | Trifluoromethylphenylpiperazine | Cáitíonón |
| 70 | THC | Cannaibionóideach |
| 71 | THCA | Cannaibionóideach |
| 72 | Tramadól | Ópóideach |
| 73 | Trísólam | Beinsidhé-asaipíní |
| 74 | Zaleplonum | Z-druga |
| 75 | Sóilpidéim | Z-druga |
| 76 | Soipioclón | Z-druga |
| 77 | Soipioclón-*N*-Ocsaíd | Z-druga |

## Dearbhú Cáilíochta

Tá Córas Bainistíochta Cáilíochta bunaithe ag an mBiúró atá lárnach d'obair an Bhiúró agus atá creidiúnaithe go caighdeán ISO/IEC 17025 (2017) (Riachtanais ghinearálta maidir le cumas na saotharlann tástála agus calabraithe). Rinne INAB (Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú), athbhreithniú ar chomhlíonadh an chaighdeáin seo i mí Aibreáin 2022.
I mbliana, rinne an Biúró na rudaí seo a leanas; iarracht Scóip an Chreidiúnaithe a leathnú don Mhodh Tástála Anála Eitlíochta, Scóip Solúbtha a chur i bhfeidhm sa chlár Alcóil, drugaí nua a thabhairt isteach, teorainn brath atá ann cheana a athrú sa chlár Tocsaineolaíochta, creidiúnú a chothabháil do thástálacha atá ann cheana. Tar éis measúnú an INAB, leathnaíodh Scóip an Chreidiúnaithe chun an Modh Tástála Anála Eitlíochta a chur san áireamh.

1)
2)
3)
4)

Déanann an Modh Tástála seo an Biúró a chumasú chun an tástáil a dhéanamh ar na gléasanna réamhthástála anála Dräger Alcotest 8610 a dhéanann eatánól i maitríse ghásach a aithint agus a chainníochtú.

Rinneadh faomhadh ar an gcur i bhfeidhm seo chun Scóip Solúbtha Creidiúnaithe, a úsáidtear go minic agus go rathúil sa chlár Tocsaineolaíochta, a chur i bhfeidhm taobh istigh den chlár Alcóil. Cuireann sé seo ar chumas an Biúró athruithe a chur i bhfeidhm ar an Modh Tástála Alcóil, taobh istigh de chritéir shainithe, a chuirtear i bhfeidhm agus déantar na torthaí a thuairisciú mar chreidiúnaithe.

Baineadh úsáid as an Scóip Solúbtha Creidiúnaithe sa chlár tocsaineolaíochta chun: (1) 3 dhruga nua a thabhairt isteach go dtí an Tástáil Deimhnithe Beinsidhé-asaipín, is iad sin Clóirdhé-asapocsaíd, Sóilpidéim agus Deamocsapam. Tríd na hanailítí seo a chur leis, cumasaíonn sé an Biúró i leith láithreacht na ndrugaí seo i samplaí fola agus fuail a dheimhniú, a aithint agus a thuairisciú agus (2) an teorainn brath a ísliú maidir le meatadón i samplaí fola. Agus an teorainn brath á ísliú sa

mhodh Tástála Scagtha chun teacht leis an Tástáil Daingniúcháin, ardaíodh líon na samplaí a raibh meatadón iontu a aithint agus a dheimhniú.

Cloíodh le creidiúnú ISO 17025 le haghaidh na dtástálacha seo a leanas:

- Anailís Alcóil i bhFuil agus i bhFual
- Tástáil Fhianaiseach Anála
- Réamhthástáil Anála
- Réamhthástáil Drugaí
- Tástáil Drugaí i Leacht an Bhéil
- Réamh-Scagthástáil Saotharlainne Drugaí
- Deimhniú cannabais i bhFuil agus i bhFual
- Deimhniú beinsidhé-asaipín i bhFuil agus i bhFual
- Deimhniú ildrugaí i bhFuil agus i bhFual
- Deimhniú Cáilíochtúil Drugaí i bhFuil agus i bhFual

Tá na sonraí ar fad maidir le Scóip an Chreidiúnaithe ar fáil ag:
https://www.inab.ie/inab-directory/laboratory-accreditation/testing-laboratories/

## Tástáil Inniúlachta

Le linn 2022, lean an Biúró lena rannpháirtíocht i ngach scéim tástála Inniúlachta (féach Tábla 12) ina nglacann sé páirt gan mórán cur isteach.

Bhí feidhmíocht thar gach scéim inghlactha.

**Tábla 12: Cláir Tástála Inniúlachta**

| Clár | Soláthraí | Scéim | Líon na Samplaí | Anailítí |
|---|---|---|---|---|
| ***Tocsaineolaíocht*** | CAP | Drugaí Mí-úsáide i Lánfhuil agus i bhFual | 8 sampla sa bhliain | Amfataimíní & Spreagthaigh<br>Cannaibionóidigh<br>Cócaon & Meitibilítí<br>Mionsuaimhneasáin<br>Támhshuanaigh Neamh - Codlaidíneach<br>Codlaidínigh |
| | Labquality | Drugaí Mí-úsáide i bhFual | 6 shampla sa bhliain | Amfataimíní & Spreagthaigh<br>Cannaibionóidigh<br>Cócaon & Meitibilítí<br>Mionsuaimhneasáin<br>Támhshuanaigh Neamh - Codlaidíneach<br>Codlaidínigh |
| | Tástáil Inniúlachta ar Chaighdeán LGC | Drugaí Mí-úsáide i bhFual | 12 sampla sa bhliain | Tá níos mó ná 210 anailít ar fáil lena n-áirítear Amfataimíní & Spreagthaigh.<br>Cannaibionóidigh<br>Cócaon & Meitibilítí<br>Mionsuaimhneasáin<br>Támhshuanaigh Neamh - Codlaidíneach |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | | Codlaidínigh, Créitínín, pH, Sainmheáchan |
| | Tástáil Inniúlachta ar Chaighdeán LGC | Tocsaineolaíocht | 8 sampla sa bhliain | Amfataimíní & Spreagthaigh<br>Cannaibionóidigh<br>Cócaon & Meitibilítí<br>Mionsuaimhneasáin<br>Támhshuanaigh Neamh - Codlaidíneach<br>Codlaidínigh |
| | Tástáil Inniúlachta ar Chaighdeán LGC | Drugaí i Sreabhán Béil | 12 sampla sa bhliain | Amfataimíní & Spreagthaigh<br>Cannaibionóidigh<br>Cócaon & Meitibilítí<br>Mionsuaimhneasáin<br>Támhshuanaigh Neamh - Codlaidíneach<br>Codlaidínigh |
| | Tástáil Inniúlachta ar Chaighdeán LGC | Tocsaineolaíocht – Beinsidhé-asaipíní | 8 sampla sa bhliain | Déiseapam, Nordiazepam, Teamaiseapam, Ocsaiseapam, Níotraiseapam |
| | Tástáil Inniúlachta ar Chaighdeán LGC | Tocsaineolaíocht – Z – Drugaí | 8 sampla sa bhliain | Soipioclón, Zaleplon, Sóilpidéim |
| ***Alcól i bhFuil agus i bhFhual*** | Labquality | Fuil | 8 sampla sa bhliain | Alcól |
| | Labquality | Cainníochtúil Fuail | 4 shampla sa bhliain | pH, Créitínín, Úiré & Sainmheáchan |
| | Tástáil Inniúlachta ar Chaighdeán LGC | Tocs - Fuil & Tocs - Fual | 24 sampla sa bhliain | Alcól |
| ***Tástáil Fhianaiseach Anála*** | CTS, Inc. | 568 Anailís ar Thuaslagán Ionsamhlóra Alcól Anála | 2 thuaslagán sa bhliain | Alcól |

## Faisnéis Airgeadais

Tagann airgead an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre ó Dheontas Bliantúil ón Roinn Iompair. Ba é €6,290,000 an leithdháileadh deontais iomlán don Bhiúró le haghaidh 2022.

## RIALACHAS CORPARÁIDEACH

Bunaíodh Bord an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre faoi Ordú an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre (bunú), 1968. Tá feidhmeanna an Bhoird leagtha amach sna hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre 1968 - 2016 agus ina rialacháin. Tá an Bord freagrach don Aire Iompair agus freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus cuireann sé an tasc seo i gcrích trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan amach agus trí chinntí straitéiseach a dhéanamh ar gach buncheist gnó. Is iad an Stiúrthóir agus an fhoireann ardbhainistíochta atá freagrach as bainistíocht, rialú agus treoir rialta laethúil an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre. Caithfidh an Stiúrthóir agus an fhoireann ardbhainistíochta an treoir straitéiseach leathan atá leagtha amach ag an mBord a leanúint agus caithfidh siad a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach comhalta Boird ar na príomhghníomhaíochtaí agus na príomhchinntí a bhaineann leis an aonán, agus ar aon riosca suntasach a d'fhéadfadh tarlú.  Is idirghabháil dhíreach é an Stiúrthóir idir an Bord agus bainistíocht an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre.

## Comhaltaí Boird

Tá cúig chomhalta (lena n-áirítear an Stiúrthóir) i mBord an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre agus ceaptar an Bord ag an Aire Iompair.

| COMHALTAÍ BOIRD | | |
|---|---|---|
| **Ainm** | **Post** | **Taifead Tinrimh** |
| **An Dr. Declan Bedford** | Cathaoirleach | 4 de 4 |
| **An tOllamh Denis Cusack** | Comhalta Boird agus Stiúrthóir | 4 de 4 |
| **An tOllamh Patricia Fitzpatrick** | Comhalta Boird | 4 de 4 |
| **An t-Uasal Sean Quigley** | Comhalta Boird | 4 de 4 |
| **Iníon Joan O'Brien** | Comhalta Boird | 4 de 4 |

## Ballraíocht agus Cruinnithe Biúró

Le linn 2022, bhí ceithre chruinniú ag an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre. Reáchtáladh na cruinnithe seo an 11 Márta (Zoom), 9 Meitheamh (Zoom), 29 Meán Fómhair (i láthair go pearsanta) agus 28 Samhain (i láthair go pearsanta) 2022.

## Sceideal na dTáillí agus Costais Chomhiomlána a íocadh le Stiúrthóirí le linn 2022

Le linn 2022, íocadh na táillí seo a leanas:

| TÁILLÍ BOIRD ÍOCTHA | | | |
|---|---|---|---|
| **Comhalta Boird** | **Cineál Táille** | **Íoctha 2022** | **Íoctha 2021** |
| **An Dr. Declan Bedford** | Táille le haghaidh Cathaoirligh an Bhoird Comhlachta Stáit<br>Táille le haghaidh comhaltaí Neamhfheidhmeannacha de Bhoird Comhlachtaí Stáit | €8,974<br>- | €8,978<br>- |
| **Iníon Joan O'Brien** | Táille le haghaidh comhaltaí Neamhfheidhmeannacha de Bhoird Comhlachtaí Stáit | €5,982 | €5,988 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **An t-Uasal Sean Quigley** | Táille le haghaidh comhaltaí Neamhfheidhmeannacha de Bhoird Comhlachtaí Stáit | €5,983 | €5,987 |
| **An tOllamh Patricia Fitzpatrick** | Gan Aon Táille le haghaidh comhaltaí Neamhfheidhmeannacha de Bhoird Comhlachtaí Stáit | - | - |

Bhunaigh an Bord coiste amháin:

### An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Tá trí chomhalta boird sa Choiste Iniúchóireachta agus Riosca. Is é ról an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca tacaíocht a thabhairt don Bhord maidir lena chúraim do shaincheisteanna riosca, rialaithe agus rialachais agus dearbhú gaolmhar. Tá an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca neamhspleách ó bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Go háirithe, cinntíonn an Coiste go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánach, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchóireachta. Tuairiscíonn an CIR don Bhord tar éis gach cruinniú, agus go foirmeálta i scríbhinn ar bhonn bliantúil. Is iad seo a leanas na comhaltaí den Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca: An tUasal Sean Quigley (Cathaoirleach), an Dr. Declan Bedford agus an tUasal Joan O'Brien. Bhí 4 chruinniú ag an CIR sa bhliain 2022.

## Coiste Maoirseachta Rialachais

Is é ról an Choiste um Rialachas tacaíocht a thabhairt don Bhord freastal ar cheanglais dlíthiúla agus reachtúla, chomh maith le dea-chleachtas a ghlacadh. Is Ionadaithe iad comhaltaí an choiste seo ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus an t-Oifigeach Sinsearach Riaracháin agus an t-Oifigeach Riaracháin ón Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre. Bhí 4 chruinniú ag an gCoiste Maoirseachta Rialachais sa bhliain 2022.

## Comhlíonadh

Ghlac an Bord le Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm chun comhlíonadh an Chóid a chinntiú. Rinneadh Comhaontú Maoirseachta leis an Roinn Iompair agus bhí an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre ag comhlíonadh an Chóid Chleachtais do Rialachas Chomhlachtaí Stáit le haghaidh 2022.

## Nochtadh

Éilíonn Alt 22 d'Acht um Nochtuithe Cosanta 2014 go bhFoilseofar Tuarascáil Bhliantúil gach bliain maidir le líon na nochtuithe cosanta a rinneadh an bhliain roimhe sin agus bearta ar bith a rinneadh mar fhreagra a thabhairt ar na nochtuithe sin. De bhun an riachtanais seo, deimhníonn an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre nach bhfuarthas aon nochtuithe cosanta de réir forálacha an Achta um Nochtuithe Cosanta, 2014 ar feadh na tréimhse ón 1 Eanáir 2022 go dtí an 31 Nollaig 2022.

## Ceanglais Reachtúla

Deimhníonn an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre gur chloígh sé lena cheanglais reachtúla le linn 2022.

## Eitic in Oifigí Poiblí

Ní raibh aon leasanna ag comhaltaí an Bhoird a bhí in oifig ar an 31 Nollaig 2022 chun críocha na n-Achtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001.

## Iniúchadh Airgeadais Seachtrach

Rinne an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchóireacht bhliantúil na Ráiteas Airgeadais 2021 le linn 2022. Níor tarraingíodh aon cheist shuntasach anuas le linn na hiniúchóireachta. Déanfar iniúchadh bliantúil ar Ráitis Airgeadais don bhliain 2022 in 2023.

## Iniúchadh Inmheánach

Is gné ríthábhachtach é feidhm na hIniúchóireachta Inmheánaí chun an Bord a chur ar an eolas faoi éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais. Oibríonn an t-iniúchóir inmheánach de réir an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Ullmhaíodh tuarascáil ar an Iniúchóireacht Inmheánach i dtaca le 2022.

## Soláthar

Is é córas tairiscintí iomaíocha an gnáthpholasaí a baineadh úsáid as ag an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre sa phróiseas soláthair. Deimhníonn sé gur chomhlíon sé na nósanna imeachta soláthair agus Treoracha cuí ón AE mar a leagtar amach sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú le linn 2022.

## Pleanáil Straitéiseach

Chuir an Biúró a Phlean Straitéiseach Bliantúil le haghaidh 2023 le chéile chomh maith lena Phlean Straitéiseach Cúig Bhliain ó 2023 go 2027 agus cuireadh an dá phlean ar aghaidh chuig an Aire. Leag an Plean príomhchuspóirí an Bhiúró amach sa bhliain seo chugainn agus sna blianta atá amach romhainn i gcomhar lena phríomhbhearta chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

## Íocaíocht Cuntais go Tráthúil

Glacann an Bord go bhfuil sé freagrach as comhlíonadh a chinntiú maidir leis an Acht Prapíocaíocht Cuntas. De réir chomhaontaithe leis an gColáiste Ollscoile, Bhaile Átha Cliath, íoctar soláthraithe ar an gcéad dul síos ag an gColáiste agus ansin aisíoctar é ag an mBiúró.

Is é polasaí an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre lena chinntiú go n-íoctar gach sonrasc gan mhoill. Ní mór don Choláiste Ollscoile, Bhaile Átha Cliath, mar chomhlacht earnála poiblí, cloí le ceanglais an Achta maidir le híocaíochtaí le soláthraithe le haghaidh soláthair earraí agus seirbhísí agus mar sin, tá nósanna imeachta diana i bhfeidhm.

I gcás líon beag soláthraithe, eiseoidh an Biúró íocaíocht i bhfoirm seic díreach don soláthraí. Leis na rialuithe atá ann maidir le sonraisc, le nótaí creidmheasa agus lena bheith ag plé le hagóidí soláthraí, is féidir leo dearbhú réasúnta amháin a sholáthair agus ní dearbhú absalóideach in aghaidh ábhair nach bhfuil neamh-chomhlíonadh leis an Acht.

## Cód Caiteachais Phoiblí

Thosaigh an cód caiteachais phoiblí i mí Mheán Fómhair 2013 agus rinne sé treoracha, treoirlínte agus ciorcláin roimhe seo a uasdátú maidir le breithmheas caipitil agus luach ar airgead.

Tá an cód caiteachais phoiblí leagtha amach lean chinntiú go bhfaigheann an Stát an luach is fearr le haghaidh na n-acmhainní a bhfuil teacht acu orthu. Baineann an cód le caiteachas caipitil agus reatha agus leagann sé amach a bhfuil de dhíth ó bhainisteoirí seirbhíse poiblí ag pointí éagsúla na saolré caiteachais ar nós breithmheas a thabhairt, pleanáil, formheas, athmhachnamh agus athbhreithniú a dhéanamh.

Tuigeann an Bord a fhreagracht maidir leis an gCód Caiteachais Poiblí agus deimhníonn an Bord gur chomhlíon sé an cód sa bhliain 2022.

## Finné Gairmiúil

Thar aon réimse eile sa dlí cóiriúil in Éirinn, is é an réimse forfheidhmithe tráchta agus sábháilteachta ar bhóithre agus go háirithe a bheith ag tiomáint faoi thionchar an óil agus drugaí, an réimse is dóichí dul chun dlí. Soláthraíonn an Biúró sainfhinnéithe i gcásanna os comhair na gcúirteanna. Bhí 5 thinreamh cúirte ag baill foirne an Bhiúró sa bhliain 2022.

Cuireadh tuarascálacha agus tuairimí ar fáil do pháirtithe Cosanta chomh maith le páirtithe ionchúisimh chun cúnamh a thabhairt don Chúirt i roinnt cásanna eile.

**AN LIA-BHIÚRÓ UM SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE**

**RÁITEAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS AGUS CÚLCHISTÍ IONCAIM COINNITHE**

**AN BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2022**

| | Nóta | 31/12/2022<br>€ | 31/12/2021<br>€ |
|---|---|---|---|
| **IONCAM** | | | |
| Deontais an Oireachtais | **5** | 6,290,000 | 5,939,000 |
| Ioncam táille ghairmiúil | | 4,242 | 5,730 |
| **Ioncam Iomlán** | | 6,294,242 | 5,944,730 |
| **CAITEACHAS** | | | |
| Tuarastail agus ranníocaíochtaí pinsin | **15** | 3,213,579 | 3,215,311 |
| Luach saothair na gcomhaltaí boird | **16** | 20,939 | 20,953 |
| Costais dhíreacha a bhaineann le soláthar seirbhíse | **6a** | 997,538 | 962,073 |
| Soláthairtí oifige agus saotharlanna | **6b** | 817,633 | 573,642 |
| Costais riaracháin | **6c** | 854,917 | 743,591 |
| Dímheas | **7** | 793,774 | 786,521 |
| **Caiteachas Iomlán** | | 6,698,380 | 6,302,091 |
| **Easnamh don tréimhse roimh leithreasaí** | | (404,138) | (357,361) |
| **Aistriú ó/(go) chuntas caipitil** | **8** | 183,166 | 594,373 |
| **(Easnamh)/Barrachas don bhliain i ndiaidh leithreasaí** | | (220,972) | 237,012 |
| Iarmhéid a tugadh chun tosaigh amhail an 1 Eanáir | | 1,002,443 | 765,431 |
| Iarmhéid a tugadh ar aghaidh amhail an 31 Nollaig 2022 | | 781,471 | 1,002,443 |

Tá gach gnóthachan agus caillteanas a aithníodh sa bhliain san áireamh sa ráiteas ioncaim agus caiteachais agus ioncam coinnithe.

# RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH

## SCÓIP NA FREAGRACHTA

Is mise, Dochtúir, Admhaíonn Declan Bedford, Cathaoirleach an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre, freagracht an Bhoird go gcloítear le agus go bhfeidhmítear córas rialaithe inmheánach éifeachtach. Cuireann an fhreagracht seo ceanglais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) san áireamh.

## Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh leagtha amach le riosca a bhainistiú le go mbíonn sé ar leibhéal inghlactha in áit é a bhaint ar fad. Dá bhrí sin, ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta a chur ar fáil agus ní dearbhú absalóideach go bhfuil sócmhainní cosanta, idirbhearta údaraithe agus go bhfuil siad taifeadta i gceart. agus go bhfuil botúin nó neamhrialtachtaí ábhair coiscthe nó aimsithe go pras.

Bhí an córas rialaithe inmheánaigh, a thagann le treoir atá eisithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm sa Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 agus suas go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais.

## An Cumas chun Plé le Riosca

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ag an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre a bhfuil trí chomhalta Boird ann. Bhuail an CIR le chéile faoi cheathair sa bhliain 2022.

Tá feidhm iniúchóireachta inmheánaí bunaithe ag an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre chomh maith atá na hacmhainní cuí a chur ar fáil ar bhealach sásúil agus a dhéanann clár oibre a bhí aontaithe leis an CIR. Tá feidhm na hiniúchóireachta inmheánaí curtha amach ar conradh chuig cuideachta sheachtrach.

Tá polasaí um bainistiú riosca forbartha ag an CIR ina léirítear a inghlacthacht riosca, na próisis atá i bhfeidhm chun riosca a bhainistiú agus tugann sé eolas faoi róil agus freagrachtaí na mball foirne maidir le riosca. Tá an polasaí eisithe do gach ball foirne a bhfuiltear ag súil go n-oibreoidh siad laistigh de pholasaithe na bainistíochta riosca de chuid an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre, chun airdeall a chur ar an mbainistíocht maidir le rioscaí agus laigí rialaithe atá ag teacht chun cinn agus freagracht a ghlacadh as rioscaí agus rialuithe laistigh a réimse oibre féin.

## Creat Riosca agus Rialaithe

Cuireadh córas bainistíochta riosca i bhfeidhm ag an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre a aithníonn agus a thuairiscíonn bunrioscaí agus na bearta bainistíochta a dhéantar chun dul i ngleic le, agus go pointe atá indéanta, chun na rioscaí sin a laghdú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm a aithníonn na príomhrioscaí atá roimh an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre agus aithníodh, measadh agus grádaíodh iad seo de réir a dtábhachta. Déantar an clár a athbhreithniú agus a uasdátú ag an CIR agus ag an mBord ar bhonn bliantúil. Baintear úsáid as toradh na measúnuithe chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go bhfuil rioscaí á mbainistiú ag leibhéal inghlactha.

Tá sonraí ar an gclár riosca faoi na rialuithe agus gníomhartha atá de dhíth chun rioscaí a mhaolú agus leis an bhfreagracht as oibriú na rialuithe atá leagtha ar bhaill foirne ar leith. Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm lena n-áirítear na heilimintí seo a leanas:

- tá taifead déanta ar gach nós imeachta i dtaca le príomhphróisis gnó,
- tá cúraim airgeadais sannta ag leibhéal bainistíochta chomh maith leis an bhfreagracht a ghabhann leo,
- tá córas buiséadaithe cuí i bhfeidhm agus tá buiséad bliantúil ann a dhéantar athbhreithniú air ag ardbhainistíocht,
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras faisnéise agus teicneolaíochta cumarsáide a chinntiú,
- tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint, agus

- tá nósanna imeachta rialaithe ann maidir le deontais do ghníomhaireachtaí seachtracha a chinntíonn go bhfuil rialú dóthanach ann ar fhaomhadh deontas agus go ndéantar monatóireacht agus athbhreithniú ar dheontaithe lena chinntiú go mbíonn deontais á maoiniú ar an gcúis atá luaite leo.

# RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH

## Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmeálta chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus tá easnaimh rialaithe curtha in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don bhainistíocht agus don Bhord, nuair is cuí, gan mhoill. Deimhním go bhfuil na córais mhonatóireachta leanúnacha seo a leanas i bhfeidhm:

- tá príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara aitheanta agus tá próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibríocht na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh a thuairisciú.
- bunaíodh socruithe tuairisceoireachta ag naleibhéil ar fad atá cúram na bainistíochta airgeadais sannta, agus
- déantar athbhreithniú rialta ag ardbhainistíocht ar fheidhmíocht thréimhsiúil agus bhliantúil agus ar thuarascálacha airgeadais ina léirítear feidhmíocht in aghaidh búiséid/réamhaisnéisí.

## Soláthar

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre lena chinntiú go mbíonn na rialacha agus na treoirlínte soláthair reatha á gcomhlíonadh agus gur chomhlíon an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre na nósanna imeachta sin le linn na bliana dar críoch 31 Nollaig 2022.

## Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht a bhainistíocht riosca agus a nósanna imeachta rialaithe. Cuirtear bonn eolais faoin monatóireacht agus athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais um rialú inmheánach tríd an obair a dhéanann na hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, an Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca a dhéanann maoirseacht ar a n-obair, agus an bhainistíocht shinsearach laistigh den Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre atá freagrach as an bhforbairt agus as caomhnú chreat an rialaithe inmheánach airgeadais.

Deimhním go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtúlacht an chórais um rialú inmheánach don bhliain 2022 an 9 Márta 2023.

## Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh

Níor aimsíodh aon laigí sa rialú inmheánach i dtaca le 2022 atá nochtadh de dhíth sna ráitis airgeadais.

## Comhlíonadh Cánach

Tá an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre tiomanta do dhlíthe an chánachais a chomhlíonadh agus comhlíon sé na dlíthe sin le linn 2022.

## Sáruithe Rialaithe

Níor aimsíodh aon sáruithe sa rialú i dtaca le 2022 atá nochtadh de dhíth sna ráitis airgeadais.

## Caillteanais nó Calaoisí Ábhar

Níor aimsíodh aon chaillteanais nó chalaoisí ábhair i dtaca le 2022 atá nochtadh de dhíth sna ráitis airgeadais.

Thar ceann an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre:

**An Dr. Declan Bedford**

**Cathaoirleach**

## Saoráil Faisnéise

Fuair an Biúró ceithre iarratas le linn 2022 agus is mar seo a leanas a pléadh leo:

| Cinneadh | Líon na n-Iarratas |
|---|---|
| **Deonaithe** | **1** |
| **Bealach an Riaracháin** | **3** |
| **Iomlán** | **4** |

| Catagóir an te a rinne Iarratas | Uimhir a Fuarthas |
|---|---|
| **Iriseoir** | **0** |
| **Dlíodóir** | **0** |
| **Eile** | **4** |
| **Iomlán** | **4** |

## Comhionannas agus Éagsúlacht

Tá an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre tiomanta do mheas a thabhairt ar chomhionannas inscne, éagsúlacht agus ionchuimsiú ar mhaithe lena fhostaithe, pháirtithe leasmhara, ghníomhaireachtaí seachtracha agus leis an bpobal, agus ghlac an Lia-Bhiúró leis na Beartais agus Nósanna Imeachta de chuid UCD i dtaca leis seo.


## Soláthar Foirne

Lean an Biúró le linn 2022 ag oibriú laistigh dá líon foirne ceadaithe tarmligthe faoin gCreat Rialaithe Fostaíochta. In Eanáir 2022, fuair an Biúró cead ón Roinn Iompair le haghaidh 7 mball foirne breise. Áirítear sa figiúr seo: 2 Anailísí Sinsearacha, 4 Anailísí agus 1 Anailísí Teicniúil.

Lean an próiseas earcaíochta maidir leis na baill foirne nua i rith 2022.

## An Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre

## Cairt Eagraíochta



| Cúrsaí agus Comhdhálacha ar fhreastail an fhoireann orthu sa bhliain 2022 | |
|---|---|
| **1.** | D'fhreastail an Stiúrthóir ar chruinniú an Chumainn Dlí-Liachta maidir le Cumas (i bhfoirm Fhíorúil) an 20 Eanáir 2022. |
| **2.** | D'fhreastail Anailísí Sinsearach amháin agus ochtar Anailísí ar Fabhtcheartú Agilent (LCMS MS) ar 26 Eanáir 2022 ag an MBRS. |
| **3.** | Rinne an Stiúrthóir cur i láthair do Bhord an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre (RSA) maidir le comhcheangail alcóil (i bhfoirm Fhíorúil) an 27 Eanáir 2022. |
| **4.** | D'fhreastail ár bPríomh-Anailísí, ceathrar Anailísí Sinsearacha agus seachtar Anailísí ar chruinniú Athbhreithniú Comhtháite an 31 Eanáir 2022 ag an MBRS. |
| **5.** | D'fhreastail an Stiúrthóir ar Ghrúpa Oibre NOTM maidir leis an Liacht Tráchta i gColáiste Ríoga Lianna na hÉireann, Baile Átha Cliath ar an 7 Feabhra 2022. |
| **6.** | Bhí an Stiúrthóir i láthair ag Cruinniú Fíorúil de chuid an Phainéal Comhairleach Leighis maidir le hAlcól, Drugaí agus Tiomáint, Roinn Iompair na RA, Londain ar an 2 Márta 2022. |
| **7.** | D'fhreastail Príomh-Anailísí ar chruinniú den Ghrúpa Líonra Ceimice an 22 Márta 2022. |
| **8.** | D'fhreastail an Stiúrthóir ar chruinniú Foghrúpa de chuid NOTM maidir leis an Liacht Tráchta i gColáiste Ríoga Lianna na hÉireann, Baile Átha Cliath ar an 31 Márta 2022. |
| **9.** | D'fhreastail an Stiúrthóir ar Sheoladh fheachtais na Cásca um Shábháilteacht ar Bhóithre, agus rinne sé cur i láthair ann, Baile Átha Cliath, 13 Aibreán 2022. |
| **10.** | D'fhreastail an Stiúrthóir ar chruinniú an Chumainn Dlí-Liachta maidir le Faillí agus Sárú Dualgais (i bhfoirm Fhíorúil) an 28 Aibreán 2022. |
| **11.** | D'fhreastail Príomh-Anailísí ar chomhdháil TIAFT ar líne: Alcól, Peirspictíocht Domhanda an 10 Bealtaine 2022. |
| **12.** | D'fhreastail Anailísí Sinsearach agus Anailísí ar chomhdháil IMSS 2022 an 18 Bealtaine 2022 i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath. |
| **13.** | D'fhreastail Anailísí Sinsearach agus Anailísí ar chruinniú Biotage ag FSNI, Carraig Fhearghais, Tuaisceart Éireann an 30 Meitheamh 2022. |
| **14.** | Labhair an Stiúrthóir le Coiste an Oireachtais maidir le hIompar maidir le Tiomáint faoi Thionchar Meisciúil, Teach Laighean, Baile Átha Cliath ar 30 Meitheamh 2022. |
| **15.** | D'fhreastail Anailísí ar Cúrsa Fabhtcheartú HPLC ar líne, an 4 Iúil 2022 ag an MBRS. |
| **16.** | D'fhreastail Príomh-Anailísí ar "Alcohol and Traffic Safety" – A Selective Review (a d'óstáil IACT, ar líne) an 18 Lúnasa 2022. |

| | |
|---|---|
| **17.** | D'fhreastail Anailísí comhdháil UKIAFT 2022 thar dhá lá ar 25 agus 26 Lúnasa 2022 in St. Helier. Geirsí. |
| **18.** | D'fhreastail an Stiúrthóir ar chomhdháil a reáchtáil an 23ú Comhairle Idirnáisiúnta um Alcól, Drugaí agus Sábháilteacht Tráchta, Rotterdam,an Ísiltír ón 28 go 31 Lúnasa 2022. Bhí an tArd-Anailísí agus an Príomh-Anailísí i láthair freisin. |
| **19.** | D'fhreastail Anailísí Sinsearach ar an gcomhdháil TIAFT ón 5 go 8 Meán Fómhair 2022, in Versailles, an Fhrainc. |
| **20.** | Chuir Príomh-Anailísí tús le MSc i Staidéir Bainistíochta le Scoil Smurfit, COBÁC i Meán Fómhair 2022. |
| **21.** | D'fhreastail ceathrar Anailísí agus Cúntóir Feidhmiúcháin ar cúrsa oiliúna lá amháin maidir le Scileanna Oiliúna Seomra na Cúirte ar 8 Meán Fómhair 2022 ag an MBRS. |
| **22.** | D'fhreastail an Stiúrthóir ar an gComhdháil Fóiréinseacha de chuid Cumann Cróinéara na hÉireann, Beanntraí, Co. Chorcaí an 9 – 10 Meán Fómhair 2022. |
| **23.** | D'fhreastail ceathrar Anailísí agus Cúntóir Feidhmiúcháin ar cúrsa oiliúna 1 lá amháin maidir le Scileanna Oiliúna Seomra na Cúirte ar 22 Meán Fómhair 2022 ag an MBRS. |
| **24.** | D'fhreastail Anailísí Sinsearach ar an gcomhdháil IMSS 2022 ón 24 go dtí an 28 Meán Fómhair 2022, Béal Feirste, Tuaisceart Éireann. |
| **25.** | D'fhreastail Anailísí ar Chúrsa Drugaí Borkenstein (Philadelphia, PA) ar líne, ó 26 go 30 Meán Fómhair 2022. |
| **26.** | D'fhreastail Anailísí ar Chúrsa GC Fabhtcheartú ar líne ón 29 go 30 Meán Fómhair 2022. |
| **27.** | Bhí an Stiúrthóir i láthair ag Cruinniú de chuid an Phainéal Comhairleach Leighis maidir le hAlcól, Drugaí agus Tiomáint, Roinn Iompair na RA, Londain ar an 12 Deireadh Fómhair 2022. |
| **28.** | D'fhreastail an Stiúrthóir ar Chomhdháil Fhóiréinseach 2022, agus rinne sé cuir i láthair ann, Caparica, An Phortaingéil, an 14 go 16 Deireadh Fómhair 2022. |
| **29.** | D'fhreastail triúr Oifigigh Riaracháin, Speisialtóir Tacaíochta Saoráidí amháin, ceathrar Anailísí Sinsearacha, Oifigeach TF amháin agus Cúntóir Sinsearach Feidhmiúcháin amháin ar cúrsa oiliúna Marascal Dóiteáin 1 uair an chloig, a reáchtáil SIRC de chuid COBÁC ar 26 Deireadh Fómhair 2022. |
| **30.** | D'fhreastail Anailísí Sinsearach ar SOFT 2022 ón 30 Deireadh Fómhair go dtí an 3 Samhain 2022 in Cleveland, Ohio, SAM. |
| **31.** | D'fhreastail an Stiúrthóir ar Sheoladh na Nollag Sábháilteacht ar Bhóithre,agus rinne sé cur i láthair ann, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh an 1 Nollaig 2022. |
| **32.** | D'fhreastail Anailísí ar sheimineár TIAFT 3 uair an chloig maidir le Oideachas Leanúnach Cannabais ar 7 Nollaig 2022. |
| **33.** | I rith 2022, d'fhreastail baill foirne an Bhiúró ar 14 cúrsa COBÁC idir chúrsaí cumarsáide agus Bhainistíocht Daoine agus Tionscadail. Déantar iad seo a thairiscint mar chuid de Chlár Forbartha Daoine de chuid COBÁC. |

## ÍDIÚ FUINNIMH

De réir ghealltanas an Rialtais maidir le héifeachtúlacht fuinnimh poiblí a fheabhsú 33% sa bhliain 2022, chláraigh an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre ar an gcóras ar líne de chuid Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann agus is tríd an gcóras sin a bhíonn sé ag cur a chuid tuairiscí ar fáil. Gás agus leictreachas an dá fhoinse fuinnimh is mó a bhíonn in úsáid ag an mBiúró. Tá siad riachtanach le saotharlann fhóiréinseach agus saoráidí coimhdeacha a oibriú, mar shampla teas agus soilse, trealamh saotharlainne, láimhseáil aeir, ríomhairí agus freastalaithe.

Bíonn tionscnaimh ar siúl ag an mBiúró chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú. Baintear úsáid as Córas Bainistíochta Foirgneamh le monatóireacht agus rialú a dhéanamh ar theas, aonaid láimhseála aeir, coire uisce (soláthar díreach uisce te) agus feananna eastarraingthe. Bíonn gach ceann de na ceithre urlár in áitreabh an Bhiúró á bhainistiú ar bhonn indibhidiúil agus bíonn rialuithe uathoibríocha á sceidealú dá réir. Feistítear bolgáin solais atá tíosach ar fhuinneamh, braiteoirí gluaiseachta agus lasca ama ar fud an fhoirgnimh ar fad chun ídiú fuinnimh a íoslaghdú.

## SÉANADH DLÍTHIÚIL

Tá na cuntais agus staitisticí atá sa tuarascáil seo de chineál coimrithe agus eolas ginearálta amháin. Níor chóir brath orthu ina n-aonar chun cearta dlíthiúla ná cinntí eile faoi na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre a dhearbhú. Moltar do léitheoirí agus d'úsáideoirí aon eolas ar mian leo brath air a dhearbhú lena gcomhairleoirí dlí.

**An tOllamh Denis A. Cusack**

**Stiúrthóir.**

**An Dr. Declan Bedford,**

**Cathaoirleach.**